



An Chartlann Náisiúnta
National Archives

Tuarascáil Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta don bhliain 2023



2023 i bhfigiúirí

Comhaid arna n-aistriú

13,200

Aistríodh 13,200 comhad ó ranna rialtais chun na Cartlainne Náisiúnta in 2023. Cuireadh 4,264 bosca cartlainne breise ar sheilfeanna sna taisclanna i Sráid an Easpaig agus sna Ceithre Cúirteanna.

Taighde

5,011

Bhain 5,011 taighdeoir leas as an Seomra Léitheoireachta in 2023 le hamharc ar 19,601 cáipéis chartlainne le stair na hÉireann a chóradh.

Taighde sa bhaile

20,522

Cuireadh sonraí maidir le 20,522 comhad isteach sa chatalóg ar líne a d'fhág go raibh faill ag daoine níos mó den chartlann a scrúdú ón mbaile.

Léitheoirí nua

1,230

Chuaigh 1,230 duine den phobal i mbun taighde den chéad uair in 2023.

Ceisteanna

11,018

D'fhreagair foireann na Seirbhísí Poiblí 11,018 ceist ón bpobal in 2023.

Comhairle maidir le ginealas

1,230


D'iarr 1,230 cuairteoir comhairle ar ár Seirbhís Chomhairleach ghairmiúil um Ghinealas.

Cartlanna á gcóipeáil

7,516

Rinneadh 7,516 cáipéis a chóipeáil de réir mar a d'iarr léitheoirí iad.

Scanadh cáipéisí



2023 i bhfigiúirí

X (Twitter roimhe seo)

20.4K

Tháinig 9.7% de mhéadú ar an lucht leanúna againn ar Twitter in 2023, a fhágann go bhfuil **20.4K** acu ann san iomlán anois.

Instagram

8,250

Tháinig 25.7% de mhéadú ar an lucht leanúna againn ar Instagram in 2023, a fhágann go bhfuil **8,250** acu ann san iomlán.

Suíomh gréasáin na
Cartlainne Náisiúnta

2 milliún

An líon iomlán cuairteoirí a taifeadadh ar an suíomh gréasáin www.nationalarchives.ie.

Na 5 thír is minice



Na 5 thír is mó ina bhfuil na cuairteoirí is minice ar ár suíomh gréasáin lonnaithe ná Éire, an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Astráil agus Ceanada.



Mionghné den scannán *Shadowing the Archives* leis an Ealaíontóir Cónaithe John Beattie, 2021 - 2023

Clár

Réamhrá ón Stiúrthóir	5
01 Cúrsaí Reachtaíochta agus Rialacháin	8
02 Acmhainní Corparáideacha agus Rialachas Corparáideach	15
03 Ábhar Cartlainne a Shealbhú agus Seirbhísí Taifead don Rialtais	23
04 An Tionad Náisiúnta Um Thaighde agus Cuimhneachán Reachtaíocht agus Rialúchán	45
05 Cúram don Bhailiúchán	49
06 Seirbhísí don Phobal	54
07 Áiseanna Aimsithe agus Digitíú	63
08 Comhar, Comhoibriú agus Oiliúint	66
Aguisíní	74

Réamhrá ón Stiúrthóir



An Stíúrthóir Orlaith McBride ag freastal ar sheoladh an taispeántais, *Ar comhchéim le cách: Éire ag Conradh na Náisiún, 1923 -1946, Árais na Náisiún Aontaithe, an Ghinéiv, Meán Fómhair 2023*

Ba í anuraidh an bhliain deiridh dár gClár le Deich mBliana na gCuimhneachán a chomóradh. Is ar bhallaíocht na hÉireann i gConradh na Náisiún sa bhliain 1923 a bhí an clár dírithe in 2023 agus taispeántas ann a bhain le taifid atá i seilbh na Cartlainne Náisiúnta. Bhí tábhacht ag baint leis an ngníomh féin don Saorstát nuabhunaithe, is é sin ballraíocht a ghlacadh leis an gConradh, á fhógairt don saol mór gur stát ceannasach a bhí ann, gníomhaire neamhspleách i gcúrsaí an tsaoil mhóir sin. Gné éigeantach mar chuid de na chéad céimeanna a ghlac Éire ar an ardán idirnáisiúnta a bhí ann ballraíocht a ghlacadh sa Chonradh.

Ba chúí agus ba chuibhiúil mar sin, agus muid ag triall ar chlabhsúr Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012–2023, go ndearna an Chartlann Náisiúnta an fhorbairt seo a chomóradh. Eachtra a bhí ann a thug léiriú agus léargas ar dhóchas agus spriocanna an tSaorstáit úir a bhí ag teacht chun cinn i measc náisiúin eile an domhain.

Cuireadh an taispeántas seo agus an leabhar den teideal céanna a ghabh leis le chéile i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Acadamh Ríoga na hÉireann. Sheol an Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha Micheál Martin TD an leabhar le linn Sheachtain Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac i mí Mheán Fómhair 2023.

Réamhrá ón Stiúrthóir

Cuireadh an taispeántas ar an mbóthar go Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe sa Ghinéiv i mí Mheán Fómhair, agus d'oscail an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Catherine Martin TD é i Nua-Eabhrac i Samhain 2023. Cuireadh an taispeántas amach chuig an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Ráithín an Uisce agus chuig Féile na Staire, Baile Átha Cliath.

Cuireadh tús leis an obair ar Dhaonáireamh 1926 in 2023. I ndiaidh don Aire Catherine Martin TD €5 mhiliún a ghealladh, chuir foireann inmheánach tús le gach tuairisceán ón daonáireamh a chaomhnú, a thras-scríobh agus a dhigitiú i gcomhair a n-eisiúna ginearálta. Déanfar na tuairisceáin aonair ó Dhaonáireamh 1926 a fhoilsiú ar líne in Aibreán 2026. Beidh siad saor in aisce agus beifear in ann iad a chuardach. Tá beartas seo na rochtana oscailte ag teacht le Straitéis fhoriomlán an Rialtais i leith Sonraí Oscailte agus tá deiseanna suntasacha ann comparáid a dhéanamh idir na sonraí ón tréimhse roimh 1922 agus na sonraí ó 1926 in am réabhlóideach in Éirinn. Bhí Daonáireamh 1926 ar an gcéad daonáireamh ar tugadh faoi i ndiaidh bhunú an Stáit.

Is féidir faisnéis phearsanta a chuirtear ar fhoirmeacha aonair i ndaonáireamh a fhoilsiú 100 bliain tar éis an daonáireamh a dhéanamh. Ó foilsíodh an fhaisnéis phearsanta ó na tuairisceáin ó dhaonáireamh 1901 agus daonáireamh 1911 deich mbliana ó shin, tá an-bhorradh tagtha faoi shuim an phobail sa ghinealas agus tá níos mó suime á cur de réir a chéile san fhaisnéis i ndaonáireamh 1926. Tá sonraí pearsanta gach duine a bhí beo ag an am in Éirinn sna tuairisceáin seo. Bailíodh 21 tacar sonraí i ndaonáireamh 1926, cuir i gcás ainm, aois, gnéas, stádas pósta, creideamh, coinníollacha tithíochta agus cumas an duine Gaeilge a labhairt. Tá sé beartaithe gach tacar sonraí a dhigitiú agus a fhoilsiú. Tabharfaidh an t-eolas seo léargas an-suimiúil dúinn ar an saol in Éirinn sa bhliain 1926 agus beidh pobal na hÉireann agus diaspóra na hÉireann ar fud an domhain in ann leas a bhaint as.

Leanadh ar aghaidh leis an obair shuntasach in 2023 ar an Ionad Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán. Láithreán Coinsiasa a bheidh san Ionad agus cuimhneachán náisiúnta a bheidh ann le hómós a léiriú dóibh siúd ar fad a chaith seal ina gcónaí in Árais Máithreacha agus Naíonán, scoileanna tionsclaíocha, scoileanna ceartúcháin, Neachtlanna Maighdilíneacha agus institiúidí eile den sórt céanna.

Réamhrá ón Stiúrtóir

Beidh an tIonad ar an láithreán ar a raibh Neachtlan Mhaighdilíneach i Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada i lár na cathrach. Mar chuid de, beidh:

- Ionad taighde agus taisclann taifead a bhaineann le tráma institiúideach san 20ú haois a bheidh mar pháirt den Chartlann Náisiúnta
- Músaem agus spás taispeántais, an dá cheann acu á bhforbairt ag Ard-Mhúsaem na hÉireann
- Áit mhachnaimh agus mheabhrúcháin

Sa chartlann san Ionad Náisiúnta beidh taifid stairiúla, cuid acu siúd faoi réir reachtaíocht reatha um chartlannú (mar shampla iad siúd atá faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus reachtaíocht a bhaineann le húdaráis áitiúla, mar shampla Alt 65 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994) agus cuid mhór taifid eile nach bhfuil faoina réir sin.

Tá réimse taifead ann, idir na taifid a bhaineann le hinstitiúidí cónaithe, lena n-áirítear teaghlaigh chontae, Árais Máithreacha agus Naíonán, scoileanna tionsclaíocha, dílleachtlanna agus Neachtlanna Maighdilíneacha, chomh maith le húdaráis áitiúla, cumainn uchtaithe agus taifid ó fhiosrúcháin oifigiúla agus Coimisiúin Imscrúdúcháin.

Mar chuid den chartlann beidh taifid Roinne agus taifid atá i seilbh comhlachtaí mar Údarás Uchtála na hÉireann, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ós rud é go mbaineann siad le tráma institiúideach. Rinne an Chartlann Náisiúnta teagmháil in 2023 le hinstitiúidí príobháideacha a mbeadh taifid iomchuí ina seilbh acu.

Táimid mórtasach as an obair agus as na tionscail a cuireadh i gcrích in 2023. Arís eile, léiríonn siad an tábhacht a bhaineann leis an gChartlann Náisiúnta mar fhoras atá freagrach as an 50 milliún taifead de chuid an Stáit atá inár seilbh faoi láthair a chosaint, agus le bealaí síorathraitheacha agus nuálacha a fhorbairt inar féidir leis an bpobal plé leis na taifid seo san am atá i láthair agus san am atá le teacht.

Orlaith McBride

An Stiúrtóir

An Chartlann Náisiúnta

Meitheamh 2024

1

Cúrsaí Reachtaíochta Agus Rialacháin



Taifid chartlainne á stóráil in áitreabh na gCeithre Cúirteanna

An tAcht Um Chartlann Náisiúnta, 1986

- 1.1** Is é an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus na Rialacháin arna ndéanamh faoin Acht sin go príomha atá mar bhonn reachtach faoin gChartlann Náisiúnta. Nuair a tháinig an tAcht i bhfeidhm i 1988, rinneadh Oifig na dTaifead in Éirinn (a cuireadh ar bun in 1867) agus Oifig na Stát-Pháipéar (a cuireadh ar bun i 1702) a chónascadh agus an Chartlann Náisiúnta a chruthú.
- 1.2** **An tAire atá freagrach as an gChartlann Náisiúnta**
Comhlacht reachtúil sa státseirbhís is ea an Chartlann Náisiúnta. Bhí sí mar chuid de Roinn an Taoisigh nuair a bunaíodh í sa bhliain 1988.
- 1.3** Ón mbliain 1993 i leith, tá bunús na gcumhachtaí a thugtar don Taoiseach faoin Acht á bhfeidhmiú ag an Aire atá freagrach as cúraimí Ealaíon agus Cultúir arb é an tAire sin an comhalta den Rialtas atá freagrach as an gChartlann Náisiúnta. Tá cuid de na cumhachtaí a bhaineann le taifid Roinne á bhfeidhmiú i gcónaí ag an Taoiseach, áfach.
- 1.4** **Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta**
Is faoi rialú agus faoi bhainistiú an Stiúrthóra, arna cheapadh ag an Aire, a fheidhmíonn an Chartlann Náisiúnta. Tá achoimre ar fheidhmeanna an Stiúrthóra in Alt 4(1) den Acht. Áirítear orthu an chuid seo a leanas:
- An Chartlann Náisiúnta a rialú agus a bhainistiú
 - Taifid atá faoi choimeád na Cartlainne Náisiúnta a chaomhnú, a athchóiriú agus a eagrú, agus cur síos a dhéanamh orthu
 - Ábhar cartlainne a chur ar fáil lena scrúdú go poiblí i gcomhréir leis an Acht agus cóipeanna d'ábhar cartlainne a chur ar fáil
 - Ullmhú eolairí, liostaí, innéacsanna agus áiseanna aimsithe eile agus foilsiú taifead, áiseanna aimsithe agus nithe eile a bhaineann le cartlanna.
 - Taifid Roinne a scrúdú agus a shealbhú i gcomhréir leis an Acht agus iniúchadh a dhéanamh ar shocruithe i dtaca le taifid Roinne a chaomhnú
 - Taifid eile a shealbhú a bheadh oiriúnach lena gcaomhnú ag an gChartlann Náisiúnta;
 - Comhairle a chur ar chomhaltaí den Rialtas agus d'eagraíochtaí seirbhíse poiblí maidir le taifid atá faoina rialú a bhainistiú, a chaomhnú agus a atáirgeadh.

An tAcht Um Chartlann Náisiúnta, 1986

1.5 An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta

Rinneadh foráil freisin leis an Acht go gcuirfí an don Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta ar bun, na comhaltaí ar an gcomhairle sin á gceapadh ag an Aire. Is é is príomhfheidhm reachtúil na Comhairle ná le comhairle a chur ar an Aire maidir le cumhachtaí a fheidhmiú faoi Acht 1986 ar gach ní a bhaineann leis an gcartlann faoi raon feidhme an Achta agus maidir leis an bpobal an chartlann a úsáid. Ceapadh na comhaltaí reatha ar an gComhairle an 19 Iúil 2017 agus tháinig deireadh lena dtréimhse in oifig an 18 Iúil 2022.

1.6 Tuarascálacha Bliantúla

Déantar foráil le halt 21 go gcuirfidh an Stiúrthóir tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Aire maidir le hobair na Cartlainne Náisiúnta, go gcuirfidh an Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Aire maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle féin, agus go gcuirfidh an tAire faoi deara go gcuirfear cóipeanna de na tuarascálacha sin faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.



Scannánú á dhéanamh ar *The Records Show*, á chur i láthair ag Katie Hannon, léiriúchán de chuid Midas/RTÉ

An taispeántas *Ar comhchéim le cách: Éire ag Conradh na Náisiún, 1923–1946, Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe, Nua-Eabhrac, Samhain 2023*

Harry Clarke's 'Geneva' window

The renowned Dublin-born artist Harry Clarke (1889–1931) is best known for his intricate work in stained glass. In November 1926, the Cosgrave government formally invited him to create a stained-glass window as a gift to the International Labour Organization (ILO), to be installed in its new building in Geneva as a gift from the Irish government on behalf of the State.

As suggested by Clarke, it would consist of vignettes depicting works by fifteen Irish writers: Parson's Column, George Fitzmaurice, Augusta (and) Gregory, James Joyce, Seán O'Casey, Liam O'Flaherty, Seamus O'Kelly, Seamus O'Sullivan, Patrick Pearse, Lennox Robinson, George Russell (AE), George Bernard Shaw, James Stephens, John Millington Synge and W.B. Yeats.

The government inspected the completed window but in September 1930 Cosgrave informed Clarke that it was not suitable as a gift being made on behalf of the Irish government. The issue arose with the panels depicting works by the poet Seamus O'Sullivan and, especially, the novelist Liam O'Flaherty.

Cosgrave was concerned that, as an official gift, Clarke's window might provoke a public backlash and suggested that the O'Flaherty panel be replaced. Clarke was willing to consider this but died of tuberculosis in Swilfordland in January 1931 before the window could be altered. It was never presented to the ILO. The government decided not to place it on public display, and it was sold back to Clarke's widow, Margaret. The Geneva Window is now in the collection of the Wolfsonian Museum in Miami, Florida.

A detail from a book review in *Windsor*, the conservative period magazine, in which Liam O'Flaherty's 'The good doctor' (1926) was criticised for its 'sordid' and 'repulsive' nature. The review is reproduced in the book *Harry Clarke: The Art of the Stained Glass Window* (2013).



Letter from Margaret Clarke to Miss M. Clarke, 18th October 1926. The Department of Education advised that the Government of Ireland was not prepared to accept the window as a gift from the Irish government. The letter is reproduced in the book *Harry Clarke: The Art of the Stained Glass Window* (2013).

President of the Executive Council W.T. Cosgrave to Harry Clarke, 20 September 1926.

Dear Sir, I have the pleasure to inform you that the Government of Ireland is not prepared to accept the window as a gift from the Irish government. The letter is reproduced in the book *Harry Clarke: The Art of the Stained Glass Window* (2013).

'You will appreciate that my difficulty has nothing to do with the artistic merit of the panels; it arises from the fact that the inclusion of scenes from certain authors as representative of Irish literature and culture would give grave offence to many of our people.'



Letter from Harry Clarke to W.T. Cosgrave, 20 September 1926, reproduced in the book *Harry Clarke: The Art of the Stained Glass Window* (2013).



Letter from Margaret Clarke to Miss M. Clarke, 18th October 1926, reproduced in the book *Harry Clarke: The Art of the Stained Glass Window* (2013).

Reachtaíocht

- 1.7** Rinne an Chartlann Náisiúnta athbhreithniú a choimisiúnú in 2022 ar chomparadóirí idirnáisiúnta i gcás reachtaíocht a bhaineann le ceisteanna cartlainne. Tugadh faoin athbhreithniú go sonrach le scrúdú a dhéanamh ar an ról atá ag forais den chineál céanna i ndlínsí eile i ngach céim de bhainistíocht taifead, sin ó chruthú na dtaifead go dtí a ndiúscairt nó a gcoinneáil go buan ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí. Cuireadh an saothar seo i gcrích in 2023.
- 1.8** Tá plé san athbhreithniú ar an ról atá ag cartlann náisiúnta i dtaobh caighdeáin a shocrú le taifid dhigiteacha a chruthú agus ansin a chothabháil ar feadh a saolré. Mar chuid de sin, tá an úsáid a bhaintear as rogha formáidí comhaid, sceidil choimeádta, sonraíochtaí agus caighdeáin don bhonneagar digiteach, agus maoirseacht agus rialú ar na taisclanna digiteacha náisiúnta agus an ról atá ag cartlann maidir le caighdeáin a leagan síos le taifid ar páipéar a chruthú agus a chothabháil ar feadh a saolré, lena n-áirítear sceidil choimeádta agus stóráil.
- 1.9** Rinneadh cíoradh chomh maith ar an bplé idir reachtaíocht na cartlainne náisiúnta agus oibleagáidí reachtúla eile maidir le taifid a choimeád, lena n-áirítear cosaint sonraí, saoráil faisnéise agus sonraí oscailte, agus anailís ar thréimhsí coiscthe agus cearta rochtana, chomh maith le hoibleagáidí faoin reachtaíocht maidir le ‘taisclanna’ agus eagraíochtaí ar tríú páirtithe iad, iad siúd atá i réimsí an oideachais, na sláinte agus na carthanachta ina measc.
- 1.10** **Bainistíocht Taifead**
I gcomhthéacs an athbhreithnithe a bhfuil plé air thuas, agus ar mhaithe leis an mbainistiú taifead agus faisnéise sa tseirbhís phoiblí in Éirinn a fheabhsú, ba cheart na cumhachtaí reatha atá ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, Alt 8(11) (b) agus faoin Acht um Chartlann Náisiúnta 1986, Alt 19(3) a fheidhmiú anois le rialacháin reachtúla a dhéanamh maidir leis an mbainistiú taifead le go mbeidh an Chartlann Náisiúnta in ann treoirlínte éigeantacha um bainistiú taifead a eisiúint. Agus aon rialacháin agus treoirlínte á ndruchtú, ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta um bainistíocht taifead agus um rialachas sonraí a chur san áireamh, lena n-áirítear an Caighdeán Idirnáisiúnta um Bainistíocht Taifead, ISO 15489-1:2016, agus caighdeáin ghaolmhara eile. I ranna 3.8 go 3.17 thíos tugtar tuairisc ar bhainistíocht taifead seirbhíse poiblí.



An ríocht atá ar imleabhar ó Dhaonáireamh 1926 á mheas

Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí

1.11 Saoráil Faisnéise

Tá tábhacht ollmhór leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997, 2003 agus 2014, i gcomhthéacs obair na Cartlainne Náisiúnta. Tháinig bunleagan an tAcht 1997 i bhfeidhm ar 21 Aibreán 1997 agus, ó shin, tá curtha leis agus tá comhlachtaí poiblí breise faoina scáth anois.

1.12

Tá an Chartlann Náisiúnta féin ar cheann de na comhlachtaí poiblí a luaitear sna hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus tagann taifid atá i seilbh na Cartlainne Náisiúnta agus nach bhfuil ar fáil lena scrúdú ag an bpobal ar aon bhealach eile faoi scáth fhorálacha na nAchtanna. Foráiltear le halt 46(2) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, nach bhfuil feidhm leis an Acht sin i gcás taifead atá ar fáil lena scrúdú ag duine den phobal. Dá réir sin, ní bhaineann na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise leis an ábhar cartlainne atá i dtuaisce sa Chartlann Náisiúnta agus a chuirtear ar fáil lena scrúdú ag an bpobal.

1.13 Cosaint Sonraí

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Tá an Rialachán á chur chun feidhme in Éirinn trí bhíthin an Achta um Chosaint Sonraí, 2018. Tagann gach eagraíocht, idir phoiblí agus phríobháideach, a dhéanann próiseáil ar shonraí pearsanta faoi réir fhorálacha an RGCS. Á gcur san áireamh tá na Ranna Stáit ar fad agus na comhlachtaí eile ar fad a thagann faoi scáth an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986.

Ina cuid oibre le Ranna agus le gníomhaireachtaí, tá an Chartlann Náisiúnta ar an eolas i dtaobh neamhréireanna agus an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí á cur i bhfeidhm, chomh maith le heaspa tuisceana agus oiliúna ar an gcreat rialachais faisnéise níos ginearálta a bhfuil an státseirbhís agus an tseirbhís phoiblí ag feidhmiú ann, sin in ainneoin go bhfuil an Chartlann Náisiúnta tar éis treoir a fhoilsiú agus plé a dhéanamh leo siúd ar bhonn leanúnach¹.

Tá na fadhbanna a bhaineann leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí fós ann agus an tslí nach ann d'aon bhonneagar bainistíochta faisnéise ar fud na státseirbhíse ná na seirbhíse poiblí mar atá leagtha amach i dtuarascálacha roimhe seo. Is ábhar imní dom fós go bhfuil easpa tuisceana ann agus easpa oiliúna ar oibleagáidí i dtaobh taifid phoiblí a bhainistiú agus chomh riachtanach atá sé go mbeidh cur chuige córasach ann i dtaca le gabháil, inrochtaineacht agus infhaighteacht thaifid an Stáit.

¹ https://www.nationalarchives.ie/wp-content/uploads/2019/03/20190309Guidance-Note_GDPR_V4.pdf.

2 Acmhainní agus Rialachas Corparáideach



Buan-Ionadaí na hÉireann chun na Náisiún Aontaithe, Fergal Mythen, an tAire Catherine Martin TD agus an Stiúrthóir Orlaith McBride ag freastal ar sheoladh an taispeántais *Ar comhchéim le cách: Éire ag Conradh na Náisiún, 1923-1946*, Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe, Nua-Eabhrac, Samhain 2023

Straitéis

2.1 Chuireamar an tríú plean corparáideach bliantúil dár straitéis amach in 2023, is é sin *Ár gCinniúint a Mhúnlú in Aois na Faisnéise 2021–2025*. Tá leagtha amach sa straitéis baicle réimsí tosaíochta don Chartlann Náisiúnta faoi chúig cinn de chuspóirí straitéiseacha:

- Déanfaimid a chinntiú go mbeidh ár seirbhísí tráthúil agus cuirfimid an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr chun cinn
- Déanfaimid ár seirbhísí digiteacha a fhorbairt le go mbeidh teacht níos fearr ar chartlanna atá faoinár gcoimeád, seirbhís phoiblí feabhsaithe a chur ar fáil agus an plé a dhéanaimid leis an bpobal a mhéadú mar thoradh ar chlár feabhsaithe oideachais agus for-rochtana
- Déanfaimid taifid an Stáit a chosaint do ghlúnta san am atá i láthair agus iad siúd amach anseo
- Déanfaimid forbairt ar ár gcumas go mbeimid ceannródaíoch sa ré dhigiteach
- Déanfaimid an foras a neartú le bheith inár gCartlann Náisiúnta a bheidh nuálach, freagrúil agus fuinniúil

Tugann an straitéis treochlár dúinn le plean oibre corparáideach na Cartlainne Náisiúnta a mhúnlú. Is féidir linn díriú ar na nithe seo a leanas a bhaint amach faoi 2025 de bharr na spriocanna sa straitéis:

- Beidh an Chartlann Náisiúnta ag obair i ngach réimse den Rialtas chun tacú le Ranna agus le comhlachtaí lena gcuid taifead reatha agus feasta a bhainistiú tr chreat náisiúnta nua.
- Beidh seirbhísí cartlainne faoi leith den chéad scoth againn chun taifid an Stáit a chosaint agus a chaomhnú chomh maith le spásanna poiblí lena ndéanfar a chinntiú go mbeidh an pobal in ann teacht ar na taifid sin agus leas a bhaint astu.
- Beidh cartlann dhigiteach agus acmhainn nua againn le bainistiú a dhéanamh ar aistriú méideanna ollmhóra de thaifid dhigitghinte
- Beidh clú agus dea-theist orainn a aithneofar go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus beidh an eagraíocht oiriúnach don fheidhm, fuinniúil agus nuálach chun tacú leis an bhfoireann dhíograiseach atá againn.

Leithroinnt airgeadais

- 2.2 Tá leagtha amach thíos an leithroinnt airgid, gan pá le baill bhuna foirne a chur san áireamh, a cuireadh ar fáil don Chartlann Náisiúnta as Vóta na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán in 2023.

Miondealú ar leithroinnt airgeadais na Cartlainne Náisiúnta ó 2019 go 2023 mar atá taifeadta sna Meastacháin Leasaithe bliantúla i gcomhair Seirbhísí Poiblí²

Tuairisc fo-cheannteidil	2021 €	2022 €	2023 €
A.3 Reatha (Deontas i gcabhair – cómhaoiniú á sholáthar i gcás táillí as cartlanna a chóipeáil, etc.)	40,000	40,000	40,000
A.4 Reatha	1,715,000	1,715,000	2,415,000
A.4 Caipiteal	351,000	351,000	351,000
lomlán	2,106,000	2,106,000	2,806.00

2 Is leis an gChartlann Náisiúnta agus leis an gComhairle um an gChartlann Náisiúnta atá na leithdháiltí á ndéanamh.

Baill foirne

2.3 Baill foirne nua

64 ball foirne i gcoibhéis lánaimseartha a bhí fostaithe sa Chartlann Náisiúnta i ndeireadh 2023.

2.4 Plean fórsa saothair

Cuireann an Chartlann Náisiúnta plean bliantúil faoi bhráid na Roinne maidir leis an bhfórsa saothair. Cuireadh plean nua faoi bhráid na Roinne in 2023 le léiriú a thabhairt ar na riachtanais d'fhonn na spriocanna agus tosaíochtaí i straitéis na hinstitiúide Shaping our Future in the Information Age 2021–2025 a bhaint amach, chomh maith leis an obair bhreise a bhaineann leis an Ionad Náisiúnta nua um Thaighde agus Cuimhneachán.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC)

2.5 D'fheidhmigh Aonad TFC na Cartlainne Náisiúnta go breá i rith 2023 mar chuid chomhtháite de bhonneagar iomlán TFC na Roinne.

2.6 Úsáid foireann na Cartlainne Náisiúnta Axiell Adlib for Archives. Feidhmchlár bogearraí bainistithe bailiúchán atá ann a thugann cumas iomlán chun bailiúcháin chartlainne a bhainistiú le go mbeifear ag teacht leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta, Tuirisc Chartlainne (Ginearálta).

2.7 Thug an tAonad TFC tacaíocht le linn 2023 lenár n-acmhainní digitithe a fhairsingiú agus le trealamh scanacháin den chineál is nua-aimseartha a shuiteáil le go mbeifear in ann tabhairt faoi thionscadal digitithe Dhaonáireamh 1926.

Oibreacha caipitiúla

- 2.8 Tionscadal Taisclainne na Cartlainne**
Cuireadh an próiseas tairisceana do Thionscadal Taisclainne na Cartlainne i gcrích in 2023. Is é a bheidh i gceist sa tionscadal obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí chun stóráil ar chaighdeán cartlainne a chur ar fáil sa trádstóras inár n-áitreabh i Sráid an Easpaig. D'éirigh le Duggan Construction an conradh a bhaint amach. Meastar go gcuirfear tús leis an tógáil sa chéad ráithe in 2024 agus go gcuirfear an obair i gcrích taobh istigh de 65 seachtain.
- 2.9** Ós rud é go bhfuil srianta fós ann ó thaobh spáis de ar an láthair i Sráid an Easpaig, níl an Chartlann Náisiúnta in ann glacadh le haistrithe bliantúla ach amháin i gcás líon beag Ranna agus gníomhaireachtaí.
- 2.10** Rinneadh forbairt ar Aonad um Íomháú Digiteach nua le linn 2023. Tá trí sheomraí ann anois mar chuid den Aonad seo, iad athchóirithe agus oiriúnach dá bhfeidhm.
- 2.11** Cuireadh Oifig Ginealais nua isteach ar urlár na talún in 2023. Fágann sé sin go bhfuil níos mó spáis ag na ginealeolaithe lena gcuid oibre a dhéanamh agus go bhfuil teacht níos fusa ag an bpobal ar an tseirbhís.
- 2.12 Áitreabh sna Ceithre Cúirteanna**
Bhí an Chartlann Náisiúnta fós i seantaisclann Oifig Taifead Poiblí na hÉireann sna Ceithre Cúirteanna in 2023. Bhíothas ag leanúint ar aghaidh leis an gclár oibre leis an ábhar cartlainne atá á stóráil ansin a bhogadh le go gcuirfear dlús breise le húsáid an spáis agus le feabhas faoi leith a chur ar an timpeallacht stórála.



Bosca á chur ar ais chuig na háiseanna stórála

Rialachas

2.13

Bainistíocht Riosca

Rinne an Chartlann Náisiúnta athbhreithniú go leanúnach ar chlár riosca na cartlainne in 2023 i gcomhréir le réimsí tosaíochta gnó. Rinneadh na rioscaí ardleibhéil seo a leanas a shonrú go háirithe:

- Moilleanna ar Thionscadal Taisclainne na Cartlainne
- Moilleanna ar thaifid a aistriú chun na Cartlainne Náisiúnta mar chuid den Ionad Náisiúnta nua mar gheall ar chastacht na dtaifead agus ceisteanna dlí
- An easpa cumais taifid dhigiteacha a ionghabháil

2.14

Seirbhísí a sholáthar

Rinneadh na seirbhísí seo a leanas a fháil in 2023:

- Seirbhísí deartha
- Treochlár bonneagair don chaomhnú digiteach
- Athfhorbairt an láithreáin gréasáin
- Camchuartaíocht, dearadh agus bainistíocht taispeántas
- Déanamh agus suiteáil taispeántas
- Trealamh scanta ardsónraíochta agus seirbhísí tacaíochta
- Seirbhísí sainchomhairleoireachta le cás gnó agus treochlár a fhorbairt d'fhonn taisclann dhigiteach a chruthú don Chartlann Náisiúnta

Bíonn plé ann go leanúnach idir an Chartlann Náisiúnta agus an Oifig um Sholáthar Rialtais faoin gcur chuige is fearr maidir le seirbhísí seachtracha a chur amach ar conradh. Mar chuid de sin, tá comhairle ar an dea-chleachtas soláthair agus tairisceana i dtaobh earraí agus seirbhísí, bunaithe ar chreataí na hOifige um Sholáthar Rialtais nuair is féidir, le go mbeidh teacht ar an saineolas cuí agus le luach ar airgead a bhaint amach. Bíonn an Chartlann ag obair go dlúth leis an Aonad Soláthair sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin lena cuid oibleagáidí rialála agus tuairiscithe a chomhlíonadh ó thaobh soláthair de.

Rialachas

2.15 **Sábháilteacht Dóiteáin agus an Plean Éigeandála**

Rinneamar dul chun cinn arís in 2023 mar atá déanta i mblianta roimhe seo maidir le sábháilteacht dóiteáin. Coinníodh na bearta cothabhála maidir leis na córais braiteoireachta agus múchta tine go léir cothrom le dáta.

2.16

Rinneadh athbhreithniú ar ár bPlean Athshlánaithe ó Thubaiste in 2023 agus rinneadh é a leasú chun dáta. Rinneadh fardal de na pacáistí i gcás tubaistí, rinneadh iad a athstocáil, baineadh ón trádstóras iad agus cuireadh ar ais iad i gcruacha na mbailiúchán. Cuireadh tús leis an obair ar stór faoi leith san íoslach i gcomhair trealamh cosanta pearsanta agus fuarthas trealamh ionsúiteach agus trealamh cosanta nua. Chuir Harwell Restoration Services seisiún oiliúna lae i láthair ar an 12 Deireadh Fómhair agus buíon 20 ball foirne ann inar pléadh ullmhacht maidir le tubaistí agus modhanna le hábhar a tharrtháil.

Ligean uisce

Aimsíodh ligean uisce ar Urlár 6 d'áitreabh na Cartlainne Náisiúnta i Sráid an Easpaig ar an 25 Deireadh Fómhair. D'imigh an t-uisce ón ligean tríd an bhfoirgneamh ar fad, ar gach ceann de na sé urlár mar a bhfuil oifigí agus láithreacha stórála comhad chomh maith leis an láthair fáiltithe ar urlár na talún. D'éirigh 935 bosca ar fad fliuch mar thoradh ar an ligean uisce. As an méid sin, aistríodh 40 mír (imleabhair cheangailte ba mhó) chun na Rannóige Caomhnaithe le hiad a thriomú a thuilleadh. A bhuí leis na boscaí saincheaptha cartlainne a úsáidtear sa Chartlann Náisiúnta, ní dheachaigh mórán uisce chomh fada leis an ábhar cartlainne istigh iontu. Ní dhearnadh aon damáiste do cheann ar bith de na míreanna seachas smálú measartha uisce. Baineadh 1,145 bosca eile ó na seilfeanna toisc go raibh baol ann go n-éireoidís fliuch ar an ábhar go raibh siad chomh cóngarach sin do na háiteanna a raibh uisce iontu.



3 Ábhar Cartlainne a Shealbhú agus Seirbhísí Taifead don Rialtais

Mionghné den scannán *Shadowing the Archives* leis an Ealaíontóir Cónaithe John Beattie, 2021-2023

Ábhar Cartlainne a Shealbhú agus Seirbhísí Taifead don Rialtais

- 3.1 I gcomhréir leis an sainchúram de réir dlí atá ar an gCartlann Náisiúnta faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, faigheann an Chartlann Náisiúnta taifid chartlainne arna gcruthú ag Ranna Stáit agus cúirteanna ar gach leibhéal. 'Taifid Roinne' a thugtar orthu. Chomh maith leis sin, tá de chumhacht ag an gCartlann Náisiúnta taifid agus cáipéisí nach de bhunús oifigiúil iad a shealbhú má mheastar gur fiú iad a bhuanchoimeád agus go gcuireann siad le taifid Roinne atá ann cheana féin nó má mheastar gur fiú iad a bhuanchoimeád agus go bhfuil siad i mbaol a scriosta.

Príomhforálacha an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus Rialacháin maidir le taifid Roinne

- 3.2 **San Acht, úsáidtear an téarma 'taifid Roinne' chun tagairt a dhéanamh dá dtaifid seo a leanas:**

- Ranna Rialtais
- Na cúirteanna
- Na comhlachtaí eile a luaitear sa Sceideal a ghabhann leis an Acht, agus
- Coistí, coimisiúin agus binsí fiosrúcháin arna gceapadh ag an Rialtas, ag comhalta den Rialtas nó ag an Ard-Aighne

- 3.3 **Is féidir achoimre mar seo a leanas a thabhairt ar na forálacha is tábhachtaí san Acht i dtaobh taifid Roinne:**

Alt 7 – Taifid Roinne a choimeád agus a dhiúscairt Ní mór taifid Roinne a choimeád ach amháin má dhéanann Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta, nó oifigeach eile de chuid na Cartlainne Náisiúnta arna ainmniú ag an Stiúrthóir don chúram sin, ordú scríofa lena ndiúscairt a údarú. Sula ndéantar aon diúscairt a údarú, ní mór don Stiúrthóir nó don oifigeach ainmnithe a bheith deimhin de nach fiú don Chartlann Náisiúnta na taifid a chaomhnú.

Alt 8 – Taifid Roinne a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta Ní mór, tríd is tríd, taifid Roinne is sine ná 30 bliain a aistriú chun na Cartlainne Náisiúnta lena gcur ar fáil lena scrúdú ag an bpobal. Is féidir le Roinn taifid áirithe a choinneáil agus/nó táthar in ann taifid áirithe a choinneáil le nach, mbeidh an pobal in ann breathnú orthu go díreach má bhíonn deimhniú ina leith mar seo a leanas:

Ábhar Cartlainne a Shealbhú agus Seirbhísí Taifead don Rialtais

- **Faoi Alt 8(2)** go bhfuil siad i ngnáthúsáid sa Roinn sin nó go dteastaíonn siad maidir le riaradh na Roinne agus go gcuirfeadh a n-aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta isteach go mór ar riaradh na Roinne sin
- **Nó faoi Alt 8(4)** dá gcuirfí ar fáil iad don phobal lena n-iniúchadh:

(a) Go mbeadh sin ar neamhréir le leas an phobail, nó

(b) Gur sárú dualgais reachtúil nó sárú ar mheon macánta a bheadh ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann ar an ábhar go bhfuil eolas ar fáil iontu a tugadh i modh rúin, nó

(c) Gur cúis suaite nó contúirte do dhaoine beo a bheadh ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann ar an ábhar go bhfuil eolas ar fáil iontu faoi dhaoine aonair, nó go mbeadh sé nó go bhféadfadh go mbeadh sé ina ábhar caingne le haghaidh damáistí mar gheall ar chlúmhillleadh.

Ní mór gach deimhniú den sórt sin a bheith á dhéanamh ag oifigeach ar leibhéal Príomhoifigigh nó os a chionn arna cheapadh mar Oifigeach Deimhniúcháin ag Ard-Rúnaí na Roinne. Ní mór toiliú a fháil roimh ré ó dhuine de na hOifigigh um Thoilíú i Roinn an Taoisigh le Deimhniú a dhéanann Oifigeach Deimhniúcháin ó Roinn eile seachas ó Roinn an Taoisigh faoi Alt 8(4).

Ábhar Cartlainne a Shealbhú agus Seirbhísí Taifead don Rialtais

3.4 Ullmhúchán taifead Roinne lena n-aistriú

Faoi Rialachán 5 de na Rialacháin fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, 1988, tá Ranna freagrach as sceidil a ullmhú ina dtugtar na taifid atá le haistriú, as na taifid a chur in ord, uimhreacha a chur orthu, iad a ghlanadh, a phacáil agus a lipéadú, chomh maith le hiad a thabhairt chun na Cartlainne Náisiúnta, agus é sin ar fad i gcomhréir leis na treoirlínte atá eisithe ag an Stiúrthóir mura ndéanann an Stiúrthóir socruithe eile a cheadú roimh ré.

3.5 Rannán Seirbhísí Cartlainne agus Rialtais

Rannán riaracháin sa Chartlann Náisiúnta atá sna Seirbhísí Cartlainne agus Rialtais atá freagrach as taifid de chuid na Roinne a bhreithmheas, a bhailiú agus a bhainistiú dá mbuanchoimeád. Dhá aonad atá sa rannán, is iad sin Bainistiú Cartlainne agus Taifid Reatha, arna mbainistiú ag beirt Chartlannaithe Shinsearacha faoi mhaoirseacht Choimeádaí.



Taifid chartlainne á gcatalógú



Taifid Reatha

3.6 Aonad na dTaifead Reatha

Cuireann an Chartlann Náisiúnta, de réir cumhachtaí agus acmhainní srianta reachtúla, comhairle ar Ranna Rialtais agus ar chomhlachtaí poiblí maidir lena dtaifid a bhainistiú, lena n-áirítear na comhlachtaí siúd atá faoi réir an Achta agus na cinn sin atá lasmuigh dá raon feidhme.

3.7 Luaitear faoi Alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, go bhfuil sé de chead ag Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta cead a thabhairt taifid a dhiúscairt nach fiú iad a choinneáil mar ábhar cartlainne. Má bhíonn ionchur ann go luath i saolré taifead, bítear in ann cur chuige cartlannaíochta trí dhearadh a fhorbairt don choimeád taifead lena chinntiú go mbeidh cur chuige córasach ann chun taifid phoiblí a bhainistiú, acmhainní a leithdháileadh agus costais stórála agus idirghabhála a phleanáil in imeacht ama.

3.8 Bainistíocht taifead sa státseirbhís

Tá riosca tromchúiseach fós ag baint leis an easpa rialachán bainistithe taifead sa státseirbhís i dtaobh taifid oifigiúla a chaomhnú. Bhí cúiseanna imní fós ann le linn 2023 maidir le oibleagáidí de réir na reachtaíochta um an gChartlann Náisiúnta agus cosaint sonraí, rud a d'fhág gur cuireadh lear mór ceisteanna i dtreo na Cartlainne Náisiúnta. Tá na cúiseanna imní seo fós ann go díreach toisc nach ann do rialacháin um bainistíocht taifead mar aon le comhairle chontrártha i dtaobh sonraí pearsanta a choinneáil. Rinne Aonad na dTaifead Reatha plé go gníomhach agus go leanúnach leis an státseirbhís agus le comhlachtaí poiblí i rith 2023 mar chuid d'iarracht chun cur le híomhá na Cartlainne Náisiúnta agus chun an cás a dhéanamh ar son bonneagar sásúil coimeádta taifead.

3.9 Tá fadhbanna a luadh i dtuarascálacha roimhe seo maidir le comhlachtaí nach dtagann faoi réir raon feidhme an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, fós ina n-ábhar imní, mar aon leis an tslí nach ann do straitéis um bhuanchoimeád digiteach taifead poiblí. Mura gcuirtear caighdeáin éigeantacha i bhfeidhm i dtaobh taifid agus sonraí oifigiúla Rialtais, beidh baol fós ann go gcaillfear an taifead poiblí. Is é an Stát a bheidh freagrach as gan leasanna páirtithe leasmhara agus saoránach a chosaint.

Taifid Reatha

- 3.10** Tá Ranna fós ag brath an iomarca ar sholáthraithe tráchtála stórála taifead le taifid ar páipéar a bhainistiú. Ós rud é nach ann d'aon straitéisí um buanchoimeád digiteach ná d'aon chur chuige caighdeánbhunaithe i dtaobh bainistiú faisnéise, beidh baol fós ann go gcaillfear an taifead poiblí nó nach mbeidh aon teacht air. Is cúis imní fós é caighdeán cuid de na soláthraithe stórála tráchtála atá á n-úsáid ag Ranna Rialtais.
- 3.11** Bhí an Chartlann Náisiúnta ag plé agus ag tacú go leanúnach le linn 2023 le cartlannaithe gairmiúla agus bainisteoirí taifead atá ceaptha i Ranna agus i gcomhlachtaí poiblí áirithe. Ó tharla go bhfuil cartlannaithe gairmiúla agus bainisteoirí taifead ag obair anois sna Ranna féin, tá tionchar ag an méid sin ar thuiscint na bhfoirne ar na hoibleagáidí atá orthu faoin reachtaíocht náisiúnta um chartlannú agus bíonn níos mó plé ann leis an gCartlann Náisiúnta féin. Tionóladh ceithre chruinniú de Líonra na gCartlannaithe Stáit agus Bainisteoirí Taifead in 2023. An Chartlann Náisiúnta atá i gceannas ar an tionscnamh seo agus a chuireann tacaíocht rúnaíochta ar fáil ann. Tá dhá ghrúpa oibre curtha ar bun sa líonra. Tá Cartlannaí Sinsearach na dTaifead Reatha ina chathaoirleach ar an nGrúpa Oibre um Ábhar Digitghinte.
- 3.12** Níl aon fheidhm reachtúil ar an gCartlann Náisiúnta ó thaobh maoirseachta de ar bhainistíocht taifead sa státseirbhís ná sa tseirbhís phoiblí. Cé go bhfuilimid in ann comhairle a thabhairt i dtaobh nithe a bhaineann le taifid a bheadh i dteideal a mbuanchoimeád mar chartlanna, níl aon údarás againn comhlíonadh a fhorfheidhmiú. Eisceacht atá in Éirinn ina leith seo sa chomhthéacs Eorpach agus idirnáisiúnta.
- 3.13** Thug Aonad na dTaifead Reatha aiseolas agus comhairle do Ranna agus gníomhaireachtaí áirithe le linn 2023 ar cheisteanna bainistíochta taifead agus ar bheartais choinneála mar atá leagtha amach thíos:
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
 - An tSeirbhís Cúirteanna
 - Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
 - An Roinn Sláinte
 - Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Taifid Reatha

- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
- An Oifig Luachála
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha
- An Roinn Iompair

3.14 Cé gur ábhar dóchais é go bhfuil an oiread comhlachtaí dáiríre faoi thaifid a bhainistiú anois, tá éagsúlacht mhór fós ann ó thaobh caighdeáin de idir na polasaithe atá tugtha chun cinn agus tá éagsúlacht ann freisin maidir leis an tuiscint ghinearálta atá ann ar choincheapa a bhaineann le taifid a choinneáil agus ar fhorbairtí nua sa réimse. Chomh maith leis sin, i gcásanna áirithe, ní dhéantar an scéal a fhiosrú go sásúil agus ní chuirtear an polasaí bainistíochta taifead i bhfeidhm. Níl go leor acmhainní ann fós don bhainistíocht faisnéise ar leibhéal Ranna agus gníomhaireachtaí. I gcuid mhór de na cáipéisí a chuirtear ar fáil, léirítear imní fós faoin gcosaint sonraí agus ní chuirtear san áireamh oibleagáidí níos ginearálta maidir le taifid a choinneáil, lena n-áirítear oibleagáidí reachtúla faoi reachtaíocht náisiúnta um chartlanna.

Cé gur rud dearfach atá ann go bhfuil gairmithe faisnéise á bhfostú i Ranna agus i ngníomhaireachtaí áirithe, eisceachtaí atá sna samplaí sin fós agus is ann don tuairim i gcónaí nach dteastaíonn aon saineolas ná sainscileanna i gcás na bainistíochta faisnéise. Is ról saineolaí atá i gceist le faisnéis a bhainistiú. Teastaíonn foireann oilte lánaimseartha ina leith chun na deacrachtaí ábhartha dlí, eiticiúla agus eagraíochta lena mbaineann a thuiscint.

3.15 Tá sceideal coinneála foilsithe ar líne ag Aonad na dTaifead Reatha a bhaineann le taifid d'aicmí ginearálta riaracháin, taifid atá le fáil ar fud na Ranna ar fad agus sna gníomhaireachtaí ar fad sa státseirbhís. Tá comhleanúnachas níos mó ann i dtaobh taifid a shonrú lena gcaomhnú go buan mar gheall ar an sceideal coinneála agus déantar tagairt go forleathan don sceideal. Bíodh sin mar atá, níl ann ach treoir de dheasca nach ann d'aon chumhachtaí reachtúla agus, mar sin, níl aon údarás ag an gCartlann Náisiúnta comhlíonadh an sceidil a bhrú. D'fhonn chun cur chuige feidhmiúil a fhorbairt i leith na bainistíochta taifead ar fud na státseirbhíse, teastaíonn leanúnachas ó thaobh nósanna imeachta coinneála de. Má táthar leis an tionchar agus éifeachtúlacht ar an leibhéal is airde a bhaint amach in Aonad na dTaifead Reatha, ba cheart údaruithe diúscartha a chur i bhfeidhm in éineacht le sceideal comhaontaithe coinneála.

Taifid Reatha

3.16 **Bainistíocht Taifead sa Chartlann Náisiúnta**

Bhí an córas bainistíochta doiciméad eDocs fós á úsáid in dhá rannán sa Chartlann Náisiúnta féin in 2023, is iad sin an Rannán Seirbhísí Cartlainne agus Rialtais agus an Rannán um Bainistíocht Dhigiteach. Tá obair ullmhúcháin ar siúl le struchtúir nua fillteán agus cleachtais nua chomhdúcháin a chur i ngníomh san eagraíocht le go mbeifear réidh leis an gcóras digiteach coimeáda taifead seo a leathnú i rith an ama. Cuirfear an córas i bhfeidhm sa Chartlann Náisiúnta de réir a chéile, rud a chuirfidh le maoirseacht agus bainistiú ár dtaifead gnó féin. Maille leis sin, beidh seasamh straitéiseach againn óna mbeimid in ann eolas ar bhainistiú cartlainne agus taifead a thabhairt do chomhghleacaithe in Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise.

Rinne foireann na dTaifead Reatha iniúchadh in 2023 ar shraitheanna stairiúla de thaifid airgeadais agus riaracháin arna gcruthú ag an gChartlann Náisiúnta. Rinne an Stiúrthóir dhá dheimhniú diúscartha dhéag a údarú. Mar sin, rinneadh taifid a dhiúscairt nach gá iad a choimeád go buan.

3.17 **Measúnú ar thaifid de chuid na Roinne**

Ní mór taifid Roinne a choimeád ach amháin má dhéanann Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta, nó oifigeach eile de chuid na Cartlainne Náisiúnta arna ainmniú ag an Stiúrthóir don chúram sin, ordú scríofa lena ndiúscairt a údarú. Sula ndéantar aon diúscairt a údarú, ní mór don Stiúrthóir nó don oifigeach ainmnithe a bheith deimhin de nach fiú don Chartlann Náisiúnta na taifid a chaomhnú. Ní mór, agus iarratais maidir le taifid a dhiúscairt á meas, na taifid agus na feidhmeanna gnó agus na próisis ghnó lena mbaineann a mheas go cúramach. Baineann an chuid is mó de na hiarratais ar dhiúscairt taifead faoi láthair le taifid stairiúla atá níos sine.

Tá iarracht déanta ag Aonad na dTaifead Reatha cur chuige réamhghníomhach praiticiúil a úsáid agus iarratais á meas. Mar shampla, moladh gur chóir diúscairt leanúnach a údarú i gcás ina bhfuil sraith taifead fós á carnadh. Go praiticiúil, in éagmais rialacháin maidir le bainistíocht taifead agus mar gheall ar laige sa reachtaíocht reatha, níl an Chartlann Náisiúnta in ann údarú iomlán diúscartha a thabhairt i gcás taifead nuair is léir nach bhfuil aon luach cartlainne ag baint leo seachas aon fheidhm ghnó a bheadh leo.

Taifid Reatha

Lean baill Aonad na dTaifid Reatha ar aghaidh in 2023 leis an tionscadal chun breithmheas a dhéanamh ar thaifid arna gcruthú ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Mar chuid den tionscadal seo tá measúnú córasach á dhéanamh ar thaifid reatha ghnó, ionchur maidir le sceidil choinneála a fhorbairt agus treoir i dtaobh struchtúir aicmithe agus fillteán a d'fhéadfadh a bheith ann. Beifear in ann mar chuid den tionscadal taifid sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí a shonrú ar fiú iad a bhuanchoimeád. Beifear in ann cur chuige i leith na cartlannaíochta a fhorbairt san eagraíocht bunaithe ar an dearadh. Beidh an Chartlann Náisiúnta in ann feidhm a bhaint as freisin mar chruthúnas coincheapa le cur chuige níos fairsinge a fhorbairt i dtaobh measúnú ar thaifid phoiblí i dtimpeallacht dhigiteach nua-aimseartha. Eisíodh 31 teastas diúscartha de chuid an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí in 2023.

Lean an Chartlann Náisiúnta ar aghaidh le linn 2023 leis an obair chun tacú le clár na Seirbhíse Cúirteanna le hathrú digiteach ó bhonn a bhaint amach. Thug an tSeirbhís Chúirteanna i dTeach na Cúirte, Dún Dealgan, faoi threoir tionscadal lena sceideal coinneála a chur i bhfeidhm agus le sraitheanna a shonrú lena ndiúscairt. Meastar go n-eiseofar 13 dheimhniú diúscartha mar thoradh ar an tionscadal seo. Meastar go gcuirfear leis na húdaruithe seo in 2024 le go ndéanfar gach oifig cúirte a chlúdach i gcomhréir le cur chuige níos cuíchóirithe i taobh diúscairt taifead de réir sceideal coinneála macraileibhéil.

Cuireadh an tSeirbhís Cúirteanna leis an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Uimh. 11 de 1986), le hIonstraim Reachtuil arna déanamh ag an Aire Catherine Martin an 4 Bealtaine 2023 (I.R. Uimh. 216/2023 – an tOrdú fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Alt 1(2)(D)) 2023). Déanann sé seo seasamh na Seirbhíse Cúirteanna a shoiléiriú i leith an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986. Déantar cosaint reachtach iomlán faoin Acht a áirithiú dá réir do gach taifead atá faoi shainchúram na Seirbhíse.

- 3.18** Tá liosta in Aguisín B de gach iarratas ar dhiúscairt a ceadaíodh agus ar diúltaíodh dó in 2023. Rinne an Stiúrthóir 66 deimhniú diúscartha a eisiúint. Mar sin, rinneadh 1,000,000 comhad digiteach agus 21,000 comhad páipéir a scríosadh ar bhealach rialaithe toisc nárbh fhiú iad a choimeád go buan mar thaifid i gcartlann agus i gcásanna ina raibh deireadh tagtha lena bhfeidhm ó thaobh gnó nó dlí de.



Taifid Reatha

Bhain bunús na dtaifead sin le taifid ó ghníomhaíochtaí próiseála agus le taifid ina raibh an fhaisnéis chéanna ar fáil i bhfoinsí eile. I ngach cás, bhí coinníollacha áirithe ag gabháil leis an údarú diúscartha. D'fhág sé sin go raibh coigilteas leanúnach ann don Státchiste chomh maith le comhlíonadh níos fearr leis na hoibleagáidí faoi na reachtanna, lena n-áirítear an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. Dhiúltaigh an Chartlann Náisiúnta diúscairt a údarú in dhá chás toisc gur chóir na taifid a sonraíodh a choimeád go buan mar ábhar cartlainne.

Leagtar béim san obair a dhéantar in Aonad na dTaifead Reatha ar an obair fhiúntach a dhéanann an Chartlann Náisiúnta leis an dea-chleachtas sa bhainistíocht taifead a chur chun cinn. Léiríonn sé chomh maith an tábhacht atá leis an ról reachtúil maoirseachta atá ag an gChartlann Náisiúnta i dtaobh diúscairt taifead poiblí a údarú lena dheimhniú go gcoinnítear go buan aon taifid ar fiú iad a chaomhnú mar ábhar cartlainne.

3.19 Rinneadh suirbhéireacht sna Ranna agus sna gníomhaireachtaí in áiteanna mar seo a leanas:

- An Roinn Iompair, Baile Átha Cliath
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Baile Átha Cliath
- An Roinn Dlí agus Cirt, Baile Átha Cliath
- An Roinn Coimirce Sóisialaí, Baile Átha Cliath
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha, Baile Átha Cliath
- Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Baile Átha Cliath
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Baile Átha Cliath
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Baile Átha Cliath
- An Roinn Oideachais, Contae na hIarmhí
- An Chartlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath
- An Oifig Luachála, Baile Átha Cliath

Rinneadh suirbhéanna ar chomhlachtaí neamhsceidealta áirithe agus tugadh treoir dóibh. Samplaí de na comhlachtaí sin:

- Cumann Staire Lucht Saothair na hÉireann

Bainistiú Cartlainne

3.20 An tAonad Bainistithe Cartlainne

Is é ról an Aonaid Bainistithe Cartlainne an t-ábhar cartlainne a fhaigheann an Chartlann Náisiúnta a shealbhú agus catalógú a dhéanamh air, bíodh sé sin ó Ranna Stáit nó ó chomhlachtaí eile i gcomhréir le halt 8 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, nó má fhaightear an t-ábhar nó má bhíonn tabhartas ann ó dhuine go príobháideach, eagraíocht phríobháideach nó foras príobháideach. Mar gheall ar an ról atá leagtha ar an gChartlann Náisiúnta faoin reachtaíocht, is ar aistriú taifead ó Ranna Stáit agus ó chomhlachtaí eile a thagann faoi scáth an Achta a bhíonn an bhéim san obair a dhéanann an tAonad Bainistithe Cartlainne.

3.21 Taifid arna n-aistriú ag Ranna Stáit, na Cúirteanna san áireamh

Ó tharla go bhfuiltear gann ar spás le haghaidh ábhar cartlainne bliain i ndiaidh bliana, ní raibh an Chartlann Náisiúnta riamh in ann glacadh leis na taifid Roinne ar fad a bhí le haistriú. Tá sé sin ag cur bac roimh thús a chur le cláir oibre chórasacha sna Ranna chun taifid a ullmhú lena n-aistriú de réir oibleagáidí dlí. Tá ráiteas in Aguisín A ar an staid an 31 Nollaig 2023 i dtaobh an aistrithe taifead.

3.22 Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018, fuarthas 93 aistriú ó 16 Roinn Stáit agus ó chomhlachtaí sceidealta. Rinne clárlann lárnach na Roinne Gnóthaí Eachtracha an líon is mó taifead a aistriú go dtí seo chomh maith le 22 aistriú a bhain le hambasáidí agus misin³. Rinne an Roinn Airgeadais 31 aistriú oidhreachta a thaisceadh.

3.23 Thángthas ar thaifid a bhaineann leis an tréimhse sular bunaíodh an Stát agus aistríodh iad chun na Cartlainne Náisiúnta. Ina measc siúd bhí taifid ó Oifig an Phríomh-Rúnaí a bhaineann le cúrsaí Oideachais agus a d'aistrigh an Roinn Airgeadais agus an Roinn Gnóthaí Baile óna gcomhaid maidir le 'gealta' óna gcomharba an Roinn Dlí agus Cirt; amharc Aguisín A.

³ D'aistrigh ceanncheathrú na Roinne Gnóthaí Eachtracha 7,185 comhad chomh maith le 1,074 comhad a bhaineann le hambasáidí agus misin.

Bainistiú Cartlainne

- 3.24** I mí Eanáir 2023, eisíodh taifid faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018, den dara huair. Faoin Acht, ceadáítear taifid Angla-Éireannacha a scaoileadh agus iad 20 bliain d'aois, is iad sin go sonrach 'Taifid Angla-Éireannacha a bhaineann leis an bpróiseas síochána agus Tuaisceart Éireann, lena n-áirítear taifid Roinne a bhaineann le Comhaontú Aoine an Chéasta'⁴. Agus comhar leanúnach againn ó na Ranna Stáit iomchuí, is iad sin Roinn an Taoisigh, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, an Roinn Dlí agus Cirt agus Oifig an Ard-Aighne, aistríodh taifid ó 1999 go 2003 in 2023 agus ullmhaíodh iad lena eisiúint don phobal in Eanáir 2024⁵.
- 3.25** Rud an-dearfach ar fad atá ann go bhfuil cartlannaithe gairmiúla / bainisteoirí taifead ag obair i níos mó Ranna agus comhlachtaí Rialtais. Feictear gur beart tábhachtach é baill foirne gairmiúla dá leithéid a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar riaráiste stairiúil de thaifid arna n-aistriú ó chomhlachtaí faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986.
- 3.26** **Aistriú taifead ag comhlachtaí sceidealta**
Tá an Chartlann Náisiúnta sa chás fós nach féidir glacadh le líon mór taifead atá réidh lena n-aistriú ó chuid mhór den 61 comhlacht atá luaite sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, go dtí go gcuirfeadh cóiríocht d'ábhar cartlainne ar fáil nuair a chuirfeadh Tionscadal Taisclainne na Cartlainne i gcrích. Meastar go gcuirfeadh tús leis in 2024. Mar sin féin, fuarthas naoi n-aistriú ó cheithre cinn de chomhlachtaí sceidealta; féach Aguisín A, Tábla 2.
- 3.27** Tá trí chomhlacht sceidealta breise ann anois ó cuireadh an tSeirbhís Chúirteanna, Údarás Uchtála na hÉireann agus⁶ an Bord Pleanála leo in 2023. 64 comhlacht san iomlán atá ann anois.

4 Rinneadh ceithre Ionstraim Reachtúla nua a ullmhú in 2023 le go mbeifear in ann taifid ó 2003 a aistriú lena n-eisiúint i mí Eanáir 2024: An tOrdú fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Alt 8(1a)) (Taifid Roinne a aistriú), 2023 (I.R. Uimh. 607/2023); An tOrdú fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Alt 8(1a)) (Taifid Roinne a aistriú) (Uimh. 2), 2023 (I.R. Uimh. 608/2023); An tOrdú fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Alt 8(1a)) (Taifid Roinne a aistriú) (Uimh. 3), 2023 (I.R. Uimh. 609/2023); An tOrdú fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Alt 8(1a)) (Taifid Roinne a aistriú) (Uimh. 4), 2023 (I.R. Uimh. 610/2023).

5 Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018, d'eisigh Roinn an Taoisigh dhá aistriú bhreise: 2000–2001; d'eisigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha trí aistriú breise: 1999–2001; d'eisigh an Roinn Dlí agus Cirt aon aistriú amháin: 1988–2004; agus d'eisigh Oifig an Ard-Aighne aon aistriú amháin: 1986–2003.

6 Le halt 71 de I.R. Uimh. 14 de 2022, an tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022, rinneadh leasú ar Sceideal an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, chun Údarás Uchtála na hÉireann a chur san áireamh.

Bainistiú Cartlainne



Miriam O'Callaghan ag labhairt leis an lucht éisteachta mar chuid den ócáid *On the Record: Reflections on The Belfast Agreement (Good Friday Agreement)*, Aibreán 2023

- 3.28** Mar chuid de threoirthionscadal na Seirbhíse Cúirteanna ar na taifid thuasluaite atá á gcoimeád i dTeach na Cúirte i nDún Dealgan, thug an tAonad um Bainistiú Cartlainne oiliúint maidir le taifid a aistriú. Thug an tAonad comhairle agus treoir i dtaobh tuairiscí a ullmhú le haghaidh cáipéisí cúirte.
- 3.29** **Oiliúint maidir le Taifid a Aistriú**
Cuireann Seirbhísí Cartlainne agus Rialtais oiliúint ar fáil do Ranna Rialtais, do chomhlachtaí sceidealta agus do na cúirteanna i dtaobh taifid a ullmhú lena n-aistriú chun na Cartlainne Náisiúnta. Is iad baill foirne ón Aonad um Bainistiú Cartlainne sa Rannóg Seirbhísí Cartlainne agus Rialtais a chuireann an seisiún oiliúna leathlae i láthair. Dhá cheann de na seisiúin a bhí againn i mbliana ná buntreoir d'Oifigigh Dheimhniúcháin maidir leis na freagrachtaí atá orthu faoin reachtaíocht um Chartlann Náisiúnta. Tá feabhas tagtha mar thoradh ar na seisiúin oiliúna seo ar chaighdeán an aistrithe chun na Cartlainne Náisiúnta agus ar an gcumarsáid idir státseirbhísigh agus foireann an Aonaid féin.
- 3.30** **Réamhbhreathnú na Meán ar thaifid a bhí lena n-eisiúint i mí Eanáir 2024**
I mí na Nollag gach bliain, cuirtear cuid de na taifid a bhíonn le heisiúint ag Ranna Stáit agus comhlachtaí sceidealta i mí Eanáir na bliana úire ar fáil d'ionadaithe ó na meáin mar chuid de réamhspéachadh orthu inár Seomra Léitheoireachta. Is iad baill foirne an Rannáin Seirbhísí Cartlainne agus Rialtais a eagraíonn an t-imeacht. Cuireann baill foirne ó gach ceann de na trí aonad tús leis an obair air i mí Dheireadh Fómhair gach bliain.

Bainistiú Cartlainne

3.31 Bhí lánchosc i bhfeidhm ar aon fhaisnéis ó thaifid a cuireadh ar fáil don réamhspéachadh do na meáin a d'fhág nach bhféadfaí iad a fhoilsiú ná a chraoladh roimh 00:01 Dé Céadaoin an 27 Nollaig 2023. Bhí 13,200 comhad ar fáil inár Seomra Léitheoireachta idir an 4 agus an 8 Nollaig 2023 le go bhféadfadh ionadaithe éagsúla ó na meáin breathnú orthu, rud a d'fhág go ndearnadh an-phlé orthu sna meáin go léir. Bhí sé seo ar an méid ba mhó taifead a eisíodh go dtí seo.

3.32 **Tacaíocht don Rialtas agus do sheirbhísí poiblí**
Thug foireann an Rannáin Sheirbhísí Cartlainne agus Rialtais tacaíocht leanúnach do chomhghleacaithe sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí ar fad agus do chomhghleacaithe sa Chartlann Náisiúnta i rith 2023 ós rud é gur thug siad freagraí ar réimse leathan fiosrúchán. I measc na bhfiosrúchán sin bhí rochtain ar thaifid, ceisteanna ó thaighdeoirí faoi bhailiúcháin ar leith, tacaíocht do chartlannaithe agus d'fhoireann na Rann.

3.33 **An tAonad um Thaifid Cúirteanna**
Cuireadh An tAonad um Thaifid Cúirteanna ar bun i Meán Fómhair 2023. Is é an ról atá ag an Aonad cartlainne a fhaigheann an Chartlann Náisiúnta ón tSeirbhís Cúirteanna agus ó na cúirteanna a fhorshealbhu agus a chatalógú de réir Alt 8 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

Fuair an Chartlann Náisiúnta agus an Oifig a bhí ann roimhe sin, Oifig na dTaifead Poiblí, cnuasach mór taifead ó na cúirteanna dar dáta ó na 1540idí go dtí na 1990idí. Rinneadh taifid a fuarthas ó na cúirteanna roimh 1982 a fhorshealbhu faoina dtagairtí bunaidh. Déantar rochtain orthu faoi na tagairtí sin agus faoin gcur síos ar thaifid faoi leith. Mar chuid den obair a dhéanfaidh an tAonad um Thaifid Cúirteanna, déanfar scrúdú ar na taifid ó na cúirteanna atá i seilbh na Cartlainne Náisiúnta. Agus an obair seo ar bun, déanfaidh an tAonad cóid tagartha faoi leith a shannadh agus áiseanna aimsithe nua-aimseartha a fhorbairt a mbeidh fáil orthu sa Seomra Léitheoireachta agus sa chatalóg ar líne.

Beidh an tAonad ag obair go dlúth leis an tSeirbhís Cúirteanna lena chinntiú go ndéanfar taifid a aistriú de réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986. Cuirfear oiliúint, comhairle agus treoir ar fáil do na cúirteanna ag an Aonad de réir mar is gá. Déanfar taifid ón Oifig Probháide agus ó na Clárlanna Probháide Ceantair a aistriú chun na Cartlainne Náisiúnta agus iad 30 bliain d'aois.

Bainistiú Cartlainne

3.34 Taifid arna n-aistriú ag na cúirteanna

Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, ní mór taifid na gcúirteanna a aistriú chun na Cartlainne Náisiúnta agus a eisiúint lena scrúdú ag an bpobal nuair is sine ná 30 bliain na taifid sin, taifid phrohbháide san áireamh. Mar sin féin, roimhe seo, faoin Public Records (Ireland) Act, 1867, ba ghá taifid den sórt seo a aistriú lena gcur i gcartlann agus 20 bliain caite. Tar éis cruinnithe le hionadaithe de chuid na Seirbhíse Cúirteanna i Meán Fómhair 2015, rinneadh socrú go gcuirfí stad go sealadach le haistriú taifead ó na cúirteanna chun na Cartlainne Náisiúnta go dtí go ndéanfaí cinneadh críochnúil i dtaca le cosaint sonraí agus taifid á gcur ar fáil lena scrúdú ag an bpobal agus go dtí go mbeadh deis ag an tSeirbhís Chúirteanna dul i gcomhairle le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. I mí na Bealtaine, 2023, cuireadh an tSeirbhís Cúirteanna le liosta na gComhlachtaí Sceidealta san Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, Alt 1(2)(d).⁷ D'fhág an t-ainmniú seo go rabhthas in ann tús a chur arís le haistriú na dtaifead. Rinne Oifig Phrohbháide Cheantar Dhún Dealgan taifid thiomnacha a aistriú in 2023 mar atá leagtha amach san aguisín cúí.

3.35 Tionscadal Iniúchta ar Leibhéal na mBailiúchán

I nDeireadh Fómhair 2023, thosaigh ball foirne ón Rannán Seirbhísí Cartlainne agus Rialtais ar an obair iniúchta ar leibhéal na mbailiúchán a dhéanamh chun an phleanáil straitéiseach a éascú agus chun tacú leis an bpleanáil sin maidir lenár stoc agus áiseanna aimsithe dá gcuid.

Aidhmeanna an tionscadail:

- Fairsinge ár mbailiúchán a dhéanamh amach ar gach láithreán agus i ngach saoráid stórála atá ag an gCartlann Náisiúnta
- Líon na mbailiúchán nach bhfuil catalógaithe nó nach bhfuil liostú ceart déanta orthu a shonrú, a aicmiú agus a chainníochtú
- Bailiúcháin le cur i mboscaí/fillteáin nua a shonrú

⁷ I.R. Uimh. 216/2023 den Ordú um an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Alt 1(2)(D)), 2023.



Bainistíocht Dhigiteach

3.36

Cuireadh ról nua mar Choimeádaí ar bun in 2022 chun maoirseacht a dhéanamh ar thionscadal an Ionaid Náisiúnta agus ar bhonneagar digiteach cartlainne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa Chartlann Náisiúnta mar atá leagtha amach inár bPlean Straitéiseach *Shaping Our Future in the Information Age, 2021–2025*. Tá Éire i bhfad chun gcúl ar ár gcomhghleacaithe eile san Eoraip agus go hidirnáisiúnta i réimsí an chaomhnaithe dhigitigh agus na luath-idirghabhála. Is práinneach na hacmhainní sin a fhorbairt a luaithé agus is féidir. Meastar go mbeidh lear mór taifid dhigitghinte agus taifid dhigitithe ann de bharr forbairtí thart ar an Ionad Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán. Cuireadh Rannóg nua um Bainistíocht Dhigiteach ar bun in 2023 chun ceannaireacht a thabhairt ar na tionscnaimh seo. Rinneadh ról nua do Chartlannaí Digiteach Sinsearach a chruthú agus rinneadh duine a earcú sa ról faoi mhí na Samhna.

Lean mé ar aghaidh leis an bplé le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais le tionscnaimh don nuachóiriú a ailíniú go straitéiseach ar fud na státseirbhíse agus maidir le prionsabail na bainistíochta taifead agus na cartlannaíochta a chomhcheangal sna próisis seo, lena n-áirítear beartais choinneála agus diúscartha chomh maith le straitéis don chaomhnú digiteach a fhorbairt don státseirbhís.

Mar thoradh ar thairiscint iomaíoch, rinneadh comhlacht sainchomhairleoireachta atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, BIP, a earcú i mí na Nollag chun treochlár agus cás gnó a chomhordú agus a fhorbairt le haghaidh taisclann dhigiteach don Chartlann Náisiúnta. Meastar go mbeidh torthaí na hoibre ann taobh istigh de 15 seachtaine. Úsáidfear iad siúd le cruthúnas coincheapa píolótach a fhorbairt in 2024.

D'fhreastail mé ar chruinnithe den Ghrúpa Eorpach um Chartlanna agus de Bhord Cartlannaithe Náisiúnta na hEorpa. Bhí mé páirteach i bplé ar choincheap na cartlannaíochta trí dhearadh. D'fhreastail baill foirne ón Rannán um Chartlannú Digiteach ar chruinnithe de chuid Fóram DLM, agus ar an gComhdháil Thríbhliantúil arna hóstáil ag Uachtaránacht na Spáinne ar an Aontas Eorpach in Salamanca i mí na Samhna. Tá na fóraim seo an-tábhachtach i gcomhthéacs an mhalartaithe faisnéise. Tá an-tairbhe le baint astu chomh maith ó thaobh teagmhálacha a dhéanamh le comhghleacaithe ar fud na hEorpa de, comhghleacaithe atá tar éis an taithí atá acu a phlé linn go toilteanach agus atá sásta páirt a ghlacadh i gcéim an aimsithe fíricí i dtuarascáil BIP. Tionóladh cruinniú go luath in 2023 le comhghleacaithe ó Chartlann Stáit na Liotuáine atá i mbun athrú digiteach ó bhonn chomh maith.

Bainistíocht Dhigiteach

3.37

Sonraí Oscailte

Ní dhearnadh mórán dul chun cinn ar ár straitéis maidir le Sonraí Oscailte le linn 2023. Tuigimid sa Chartlann Náisiúnta, mar ghairmithe faisnéise, an tábhacht atá leis na sonraí atá faoinár gcoimeád agus an leas a mbainfeadh earnálacha éagsúla astu mar chuid den straitéis Náisiúnta um Shonraí Oscailte. Leanadh ar aghaidh le méid teoranta oibre a dhéanamh ar thacair sonraí a ullmhú lena gcur ar fáil. Creidtear go ndéanfar dul chun cinn sa réimse seo in 2024 agus feabhas á bhaint amach ar bhonneagar digiteach na Cartlainne Náisiúnta.

3.38

Ballraíocht i Meitheal Saineolaithe an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Spás Digiteach a Fhorbairt don Oidhreacht Chultúrtha

Bhí an Coimeádaí, Bainistíocht Dhigiteach, mar ionadaí arís in 2023 thar ceann na hÉireann ar Mheitheal Saineolaithe an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Spás Digiteach a Fhorbairt don Oidhreacht Chultúrtha. D'fhreastail an Coimeádaí ar an gcéad chruinniú ar an láthair de shainghrúpa an Choimisiúin maidir leis an Spás Sonraí Coiteann Eorpach don Oidhreacht Chultúrtha, cruinniú a tionóladh i Lucsamburg i mí na Samhna 2023.

3.39

Tionscadal ríomhchartlannaithe

Rinne baill foirne shinsearacha monatóireacht leanúnach ar an dul chun cinn ar an tionscadal ríomh-Chartlannaithe agus d'fhreastail siad ar chúpla seimineár gréasáin.



An Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha Micheál Martin ag freastal ar sheoladh an leabhair *On an equal footing with all: Ireland at the League of Nations, 1923-1946*, Nua-Eabhrac, Meán Fómhair 2023

Daonáireamh 1926

- 3.40** I mí na Samhna 2022, thug an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Catherine Martin TD leithdháileadh €5 mhilliún don Chartlann Náisiúnta chun tús a chur le gach tuairisceán ón daonáireamh a chaomhnú, a thras-scríobh agus a dhigitiú i gcomhair a n-eisiúna ginearálta. Déanfar na tuairisceáin aonair ó Dhaonáireamh 1926 a fhoilsiú ar líne in Aibreán 2026. Beidh siad saor in aisce agus beifear in ann iad a chuardach. Tá beartas seo na rochtana oscailte ag teacht le Straitéis fhoriomlán an Rialtais i leith Sonraí Oscailte agus tá deiseanna suntasacha ann comparáid a dhéanamh idir na sonraí ón tréimhse roimh 1922 agus na sonraí ó 1926 in am réabhlóideach in Éirinn.
- 3.41** Bhí Daonáireamh 1926 ar an gcéad daonáireamh ar tugadh faoi i ndiaidh bhunú an Stáit. D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh faisnéis a gineadh ón daonáireamh, lena n-áirítear daonra, aois, slí bheatha, reiligiún, tithíocht agus an Ghaeilge.
- 3.42** Déanfaidh an Chartlann Náisiúnta Daonáireamh 1926 a dhigitiú i ndlúthchomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh. Is iad siúd na comhlachtaí atá agus a bheidh freagrach as an daonáireamh.
- 3.43** Cuireadh tús in 2023 leis an bpleanáil don tionscadal ar Dhaonáireamh 1926. Cuireadh grúpa oibre inmheánach le chéile agus a mbíonn cruinniú acu gach seachtain. Chomh maith leis sin, tionóladh an chéad chruinniú a bhí ag an nGrúpa Stiúrtha foriomlán, a bhfuil ionadaithe air ón gCartlann Náisiúnta, ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Rinneadh iniúchadh iomlán ar imleabhair Dhaonáireamh 1926 ar fad i Lúnasa 2023 le bheith réidh don obair le hiad a chatalógú. Rinneadh forbairt ar na sreafaí oibre i ngach gné den tionscadal. Déanfar dul chun cinn ar gach sreabhadh oibre san am céanna lena dheimhniú go mbeidh an tionscadal réidh lena sheoladh i bhfad roimh an spriocdháta.

Iarradh tairiscintí in 2023 le haghaidh trealamh scanta nua den chineál is nua-aimseartha. D'éirigh leis an gcuideachta IBML. Cuireadh tús leis an obair i lár 2023 le huasghrádú a dhéanamh ar an mbonneagar TFC agus leictreach sa Chartlann Náisiúnta le go mbeifí in ann glacadh leis an trealamh nua seo. Tá athrú mór ann mar gheall ar an trealamh nua i gcomparáid leis an gcur chuige traidisiúnta a bhíodh ag an gCartlann Náisiúnta i leith an digitithe. Mar thoradh ar an trealamh scanacháin ardtoirte agus ós rud é go bhfuil an stóráil leathnaithe go mór, is é is fearr atá an Chartlann Náisiúnta in ann tabhairt faoi thionscadail digitithe ar mhórsála.

Daonáireamh 1926

Táthar tar éis gach ball foirne a bhí ag obair ar thionscadal Dhaonáireamh 1926 a cheapadh mar Oifigigh Staidrimh de réir na bhforálacha san Acht Staidrimh, 1993. Rinne an Coimeádaí Sinsearach nósanna imeachta a fhorbairt agus oiliúint a chur ar fáil maidir le hábhar a láimhseáil le linn a dhigitithe. Cuireadh tús leis an tionscadal caomhnaithe i mí na Samhna agus an fhoireann ar fad páirteach ann. Faoi dheireadh na bliana, bhí an fhoireann tar éis 44 imleabhar ceangailte de thuarisceáin daonáirimh (13,365 ceann d'fhoirmeacha Teaghlaigh A) a chaomhnú mar chuid den ullmhúchán lena ndigitíú (28 leabhar i gcás Chontae Cheatharlach agus 16 ceann i gcás Chontae an Chabháin).

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar thionscadal Dhaonáireamh 1926 in 2023 agus meastar go gcuirfear an catalógú i gcrích in 2024. Cuireadh tús leis an measúnú ar sheirbhísí tras-scríofa i Ráithe 4, 2023. Meastar go ndéanfar dul chun cinn ar an méid sin in 2024.



Daonáireamh 1926 á chatalógú

4

An Tionad

Sean MacDermott Street

Náisiúnta Um


(Existing Convent Building)

Thaighde agus

Cuimhneachán

Reachtaíocht agus

Rialúchán



Railway Street

Court
)

The Forge

Plean ailtireachta don Ionad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin

An Tionad Náisiúnta Um Thaighde agus Cuimhneachán Reachtaíocht agus Rialúchán

4.1 Tar éis an Plean Gníomhaíochta do Mharthanóirí agus Iar-Chónaitheoirí in Institiúidí Máithreacha agus Naíonán agus Institiúidí an Teaghlaigh Contae a fhoilsiú i mí na Samhna 2021, cheadaigh an Rialtas cnuasach de mholtaí ardleibhéil i Márta 2022 le go gcuirfí Ionad Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán ar bun.

4.2 Grúpa Stiúrtha

D'fhreastail mé arís ar chruinnithe a bhí ag Grúpa Stiúrtha an Ionaid Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán. Ceithre chruinniú a bhí i gceist in 2024. Tá an Grúpa Stiúrtha ag obair le sruthanna oibre éagsúla an tionscadail a chomhordú. Is é Martin Fraser, Ambasadóir reatha na tíre chun na Ríochta Aontaithe, atá ina chathaoirleach air. Sheol an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige láithreán gréasáin ar leith in 2023 agus eolas air i dtaobh an Ionaid Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán. Chuir an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige tús le comhairliúchán poiblí sa dara cuid den bhliain. Meastar go bhfoilseofar tuarascáil bunaithe ar na torthaí in 2024.

4.3 Foghrúpa na Cartlainne

Bhí trí chruinniú in 2023 ag Foghrúpa na Cartlainne Náisiúnta don Ionad Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán. Ina measc siúd atá mar bhaill de tá Ranna agus gníomhaireachtaí iomchuí ar páirtithe leasmhara iad. Tháinig méadú ar bhallraíocht Fhoghrúpa na Cartlainne in 2023, rud a thugann léiriú ar scála agus raon feidhme na hoibre atá le déanamh.

Ar an bhFoghrúpa tá ionadaithe ón Roinn Oideachais, Roinn Sláinte, Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ó sheirbhísí cartlainne údarás áitiúil agus ó Údarás Uchtála na hÉireann. Tháinig comhaltaí nua ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ón Roinn Airgeadais, ón Roinn Dlí agus Cirt agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte isteach in 2024.

Bhí mé féin i mo Chathaoirleach ar an ngrúpa seo agus mar thacaíocht agam bhí an Coimeádaí, Bainistíocht Dhigiteach agus an Cartlannaí Sinsearach, Bainistíocht Dhigiteach. Leanadh ar aghaidh leis an obair in 2023 chun plean an tionscadail a chur i bhfeidhm, é sin á mhaoirsiú ag an gCoimeádaí agus ag an gCartlannaí Sinsearach. Tasc suntasach a bheidh san obair seo ar scála millteanach mór agus is gá é sin a thuiscint i gceart. Beidh sé riachtanach bonneagar digiteach a fhorbairt don Chartlann Náisiúnta chomh maith le taifid i ngach formáid a aistriú, taifid dhigitghinte agus taifid ionadacha dhigiteacha san áireamh.

An Tionad Náisiúnta Um Thaighde agus Cuimhneachán Reachtaíocht agus Rialúchán

Meastar go mbeidh sruth digitithe an-mhór i dtionscadal an Ionaid Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán le go mbeidh teacht ar thaifid atá i seilbh meascán comhlachtaí poiblí agus príobháideacha, taifid nach n-aistreofar chun na Cartlainne Náisiúnta sa bhunfhormáid. Tá tábhacht idir náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint leis an taisclann san Ionad Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán mar thionscadal. Beidh teacht ar thaifid den tráma institiúideach acu siúd a tháinig tríd agus ag a gclanna dá bharr, agus rachaidh sé chun tairbhe don taighde acadúil go ginearálta.

Baineadh feidhm as an uirlis iniúchta sonraí a eisíodh chuig gach ball den Fhoghrúpa Cartlainne chun réimsí tosaíochta a shonrú don obair ar an láthair sna Ranna in 2024. Cuireadh tús in 2023 le feidhmiú an phlean tionscadail arna fhorbairt ag an gCartlann Náisiúnta i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus le baill foirne ón Aonad Sásamh d'Institiúidí Cónaithe atá lonnaithe i mBaile Átha Luain. Is é an tAonad um Shásamh d'Institiúidí Cónaithe atá freagrach as taifid a bhaineann le scoileanna tionsclaíocha agus ceartúcháin a bhainistiú. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an tionscadal seo in 2023 agus meastar go gcuirfear tús leis an aistriú in 2024. Tá plé ar bun leis an Roinn Oideachais le plan an tionscadail a chur i bhfeidhm i gcás na dtaifead seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Aonaid Sásamh d'Institiúidí Cónaithe agus leis an Roinn Oideachais as tacú go díograiseach leis an tionscadal seo. Mar léiriú ar an díograis sin, cuireadh spás oibre faoi leith ar fáil chomh maith le baill foirne chun tacú leis an gCartlann Náisiúnta.

Cuireadh an obair ar láthair na Roinne Sláinte agus na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige siar toisc go raibh cúiseanna inní ann maidir leis an stádas a bheadh ag oifigigh ón gCartlann Náisiúnta ó thaobh dlí de dá mbeidís ag plé le taifid ó na Ranna sin sula ndéanfaí iad a aistriú chun na Cartlainne Náisiúnta. Iarradh comhairle dlí ar Oifig an Ard-Aighne. Meastar go gcuirfear tús arís leis an obair ar an láthair in 2024.

Thug an Coimeádaí agus Cartlainnaí Sinsearach tacaíocht leanúnach do chomhaltaí Fhoghrúpa na Cartlainne maidir le réimse ceisteanna agus ghlac siad páirt i staidéir éagsúla ar thaifid thiochfaidh faoi raon feidhme an Ionaid Náisiúnta de réir mar a thuigtear. Cuirfidh an obair seo bonn eolais ar fáil a bheidh mar chuidiú chun réiteach a fháil ar chuid de na ceisteanna casta a phléifear mar chuid den réimse dlí. Chuir an obair a rinne Foghrúpa na Cartlainne le hiarrachtaí an Ghrúpa Stiúrtha níos ginearálta.

An Tionad Náisiúnta Um Thaighde agus Cuimhneachán Reachtaíocht agus Rialúchán

4.4 Foghrúpa Dlí agus Reachtaíochta

Tionóladh an Foghrúpa Dlí agus Reachtaíochta in 2023 agus bhí dhá cruinniú ag na baill. D'fhreastail mé ar an dá chruinniú in éindí leis an gCoimeádaí, Bainistíocht Dhigiteach. Bhain an Chartlann Náisiúnta feidhm as faisnéis ón iniúchadh tosaigh ar thaifid a rinne baill d'Fhoghrúpa na Cartlainne chun múnla de cheisteanna dlí a chur le chéile bunaithe ar nithe a tháinig chun cinn i gcás na n-aicmí éagsúla taifead atá á gcoimeád i Ranna agus i ngníomhaireachtaí. Fuarthas aiseolas ar an gcáipéis seo ó bhaill den Foghrúpa Dlí agus Reachtach. Úsáidfear an t-aiseolas le moltaí beartais a chur le chéile in 2024 faoin athrú reachtaíochta measta a bheidh riachtanach leis na taifid seo a aistriú chun na Cartlainne Náisiúnta agus le haidhmeanna an Ionaid Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin a chur i bhfeidhm go sásúil.

4.5 Dearadh agus forbairt foirgneamh

Bhínn ag plé go leanúnach le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir leis an taisclann bheartaithe agus na riachtanais ó thaobh cóiríochta de don Chartlann Náisiúnta in 2024. Bhí sé seo mar chuid den obair le máistirphlean a fhorbairt do láithreán Sheáin Mhic Dhiarmada arna fhorbairt ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Meastar go leanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí ar aghaidh go céim na pleanála le linn 2024.

4.6 Taighde agus bailiú eolais

Chuaigh an Coimeádaí agus Cartlannaí Sinsearach, Bainistíocht Dhigiteach, i dteagmháil i rith 2023 le comhghleacaithe go hidirnáisiúnta le heolas agus taithí a phlé i gcomhthéacs tionscadail den chineál céanna a fhorbairt agus a bhainistiú. Ina measc siúd bhí comhghleacaithe i gCartlann na Nua-Shéalainne, an Tionscadal Find and Connect san Astráil agus an tionscadal Native American Boarding Schools Healing. Thug an Coimeádaí cuairt ar Chartlann an Stasi i mBeirlín. Chuir foireann na Cartlainne Náisiúnta fáilte roimh chomrádaithe ó Chartlann Náisiúnta na Danmhairge agus ó Oifig na dTaifead Poiblí i dTuaisceart Éireann.

Bhí an Coimeádaí páirteach freisin leis an gCoiste a chur ar bun do Phobal na hÉireann um Chleachtas Cartlainne Trámathreoraithe. Ar an gCoiste sin tá gairmithe in earnáil na cartlannaíochta atá ag obair i réimse eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha. Táimid dóchasach go ndéanfar forbairt ar an tionscnamh gur fóram agus pobal tacaíochta a bheidh ann ag cartlannaithe agus cleachtóirí cartlannaíochta.

5

Cúram don Bhailiúchán



Seifre iniompartha ard-dlúis i Sráid an Easpaig

[Tuarascáil ón Stiúrtóir 2023 ↑](#)

Cúram don Bhailiúchán

- 5.1 Tá caomhnú an ábhair cartlainne ar cheann de na feidhmeanna is tábhachtaí a leagtar ar an gCartlann Náisiúnta faoin reachtaíocht. Is é an tAonad um Chúram na mBailiúchán atá freagrach as ábhar cartlainne a stóráil, a chaomhnú agus a choimeád go slán sábháilte. Cé go bhfuil an cúram seo ar na baill foirne go léir sa Chartlann Náisiúnta, is iad baill foirne san Aonad Caomhnaithe is mó a dhéanann chur i gcrích.

Stóráil agus Caomhnú Taifead

- 5.2 Tá cartlanna á stóráil in áitreabh na Cartlainne Náisiúnta i Sráid an Easpaig agus sna Ceithre Cúirteanna. Déantar taifid a stóráil chomh maith in áitreabh tráchtála agus i dtrádstóras sábháilte.
- 5.3 **Monatóireacht ar an gComhshaol**
Tá córas monatóireachta timpeallachta fós ann a chuireann sonraí ardchaighdeáin ar fáil maidir le teocht agus bogthaise choibhneasta sna láithreacha stórála. Cuireadh iniúchadh i gcrích ar na braiteoirí monatóireachta timpeallachta (ar an láithreán agus ar shiúl uaidh), rinneadh léarscáil an láithreáin a leasú chun dáta agus cuireadh cadhnraí nua isteach de réir mar ba ghá. Déanfar an córas a uasghrádú nó cuirfear córas nua isteach in 2024.
- 5.4 Cuireadh aistrithe bliantúla de thaifid ó Ranna Stáit agus ó chomhlachtaí eile, timpeall 4,264 bosca cartlainne ar fad, ar sheilfeanna sna taisclanna i Sráid an Easpaig sna Ceithre Cúirteanna. Bhí sé seo ar an aistriú ba mhó taifead go dtí seo. Aistríodh 4,585 bosca breise in 2023 chuig áit stórála ar shiúl ón láithreán le seilfspás a chur ar fáil le go mbeifí in ann glacadh le haistrithe bliantúla 2023 agus le Daonáireamh 1926.
- 5.5 **Seirbhís Aisghairme**
Faoin Acht agus faoi na Rialacháin um Chartlann Náisiúnta, tá cead ag Ranna Stáit agus ag na cúirteanna taifid arna n-aistriú chun na Cartlainne Náisiúnta a ghairm ar ais má bhíonn siad de dhíth ar chúiseanna oifigiúla gnó. Rinne na Ranna 238 comhad a aisghairm in 2023.

Stóráil agus Caomhnú Taifead

5.6 Obair bhuanchoimeáda

Déantar gach forshealbhúchán nua taifead a phacáil i mboscaí ar chaighdeán cartlannaíochta atá saor ó aigéad agus a sheiceáil sula gcuirtear ar sheilfeanna iad le nach mbeidh aon riaráiste oibre ann amach anseo mar gheall ar chartlanna a bheadh le réiteach. Déantar earraí a chur i bpacáistiú nua agus i mboscaí nua ar bhonn leanúnach i rith na bliana. Déantar obair speisialta chaomhnaithe, ábhar a chur i mboscaí san áireamh, ar an ábhar atá i dtaisce cheana féin chomh maith. I measc na dtionscadal eile atá ann tá bailiúcháin iomlána a ndéantar iad a sheiceáil agus ansin a chur i mboscaí iaimh nua. Tá tascanna eile ann, mar shampla cáipéisí a phacáil i mboscaí sealadacha agus iad a mheas maidir leis an obair atá le déanamh orthu agus eolas a fháil don phleanáil ar obair san am atá romhainn. Cuirtear oiliúint ar fáil go leanúnach do bhaill foirne maidir le hábhar cartlainne a láimhseáil i gceart lena chaomhnú.

5.7 Obair Bhuanchoimeáda sna Ceithre Cúirteanna

Cloíodh in 2023 leis an nós taifid a athphacáil i mboscaí ar chaighdeán cartlannaíochta atá saor ó aigéad. Mar chuid den obair seo bhí cáipéisí a bhí i mbeartáin roimhe seo nó i mboscaí nach raibh ar chaighdeán cartlainne, 21,964 deontas ina measc a bhaineann leis an tréimhse 1957–1972.

5.8 Seilfliostaí

Leanadh ar aghaidh leis an obair ar na seilfliostaí i láithreacha stórála na cartlainne i Sráid an Easpaig le go mbeidh taifead ann ar áit stórála na gcáipéisí agus le go mbeifear in ann iad a chur in ord ar an idirlíon agus aistriú cáipéisí a thaifeadadh go huathoibríoch. Mar sin féin, tá bac ar dhul chun cinn ar an obair seo mar gheall ar ghanntanas acmhainní foirne. Ós rud é go mbeidh moilleanna ar nuashonrú na sonraí faoi shuíomh, beidh tionchar ag an méid sin ó thaobh taifid a chur ar fáil don phobal sa Seomra Léitheoireachta.

5.9 Stóráil Micreascannán Caomhnaithe

Tá máistirchóipeanna mhicreascannáin bhuanchoimeáda na Cartlainne Náisiúnta á stóráil in áis stórála micreascannán náisiúnta na Ríochta Aontaithe i Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige in Aberystwyth.

Cartlanna a Chaomhnú

5.10 **Obair dheisiúcháin ar mhaithe le caomhnú**

Tugann an tAonad um Chaomhnú tacaíocht i gcás gníomhaíochtaí lárnacha atá rithábhachtach i mbuanchoimeád an ábhair sa Chartlann Náisiúnta. Tháinig méadú ar líon na mball foirne in 2023 toisc go ndearnadh an dara Caomhnóir Sinsearach chomh maith le beirt Chaomhnóirí (Grád III) a earcú. San obair a dhéantar san Aonad déantar iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir buanchoimeád na dtaifead taobh le rochtain fhisiciúil agus dhigiteach. Tá na cóireálacha caomhnaithe ar fad á rialú de réir polasaí a chiallaíonn nach ndéantar ach obair atá riachtanach agus cloítear le cód iompair ghairmiúil atá an-docht.

5.11 Tá ról rithábhachtach ag an Aonad Caomhnaithe oiliúint leanúnach a chur ar fáil don fhoireann agus do Ranna Rialtais i dtaobh láimhseáil agus úsáid cheart ábhar cartlainne lena chinntiú go mbíonn an leibhéal damáiste a dhéantar don ábhar chomh híseal agus is féidir. Mar chuid den oiliúint sin tugtar treoir i dtaca le húsáid ábhair stórála ar chaighdeán cartlainne agus na modhanna cearta le hábhar cartlainne a stóráil. Bhí an Caomhnóir Sinsearach ag obair in 2023 le baill foirne ón Roinn Oideachais i mBaile Átha Luain mar chuid den obair ar an Ionad Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán.

5.12 **Bailiúchán Cúitimh Phearsanta na Roinne Airgeadais (FIN COMP 4 – 2022/28)**

Táthar tar éis 935 comhad a chaomhnú go dtí seo as na taifid seo a aistríodh le deireanas ón Roinn Airgeadais agus iad curtha ar fáil do thaighdeoirí sa Seomra Léitheoireachta.

5.13 **Taispeántais inmheánacha**


Úsáidtear cásanna taispeána san fhorhalla ar an gcúigiú hurlár taobh amuigh den Seomra Léitheoireachta le aird a tharraingt ar bhailiúcháin agus ar chomhaid is díol spéise. Déantar na taispeántais a athrú go rialta. Samplaí de na taispeántais in 2023:

- Oifig Scrúdóir na Scannán
- Conradh na Náisiún
- Comóradh 75 bliain ar neamhspleáchas na hIndia
- Comóradh 60 bliain ar fheallmharú John F. Kennedy

5.14 Rinne na Coimeádaithe Sinsearacha bainistiú arís ar cheannach bliantúil na soláthairtí caomhnaithe de réir mar a bhíonn a leithéid de dhíth sa chartlann. Rinneadh an dá spás oibre caomhnaithe ar urlár 4 a ghlanadh le go bhféadfaí iad a athmhaisiú i mí an Mhárta. Dúnadh iad ar feadh ceithre seachtaine mar sin.



Seirbhísí don Phobal



Seomra Léitheoireachta sa Chartlann Náisiúnta

An Seomra Léitheoireachta

- 6.1** Is é an tAonad Seirbhísí Poiblí atá freagrach as ábhar cartlainne atá i dtaisce sa Chartlann Náisiúnta a chur ar fáil lena scrúdú ag an bpobal sa Seomra Léitheoireachta i gceannáras na Cartlainne i Sráid an Easpaig. Tá an Seomra Léitheoireachta oscailte don phobal ó 10am go 1pm agus ó 2pm go 5pm, Luan go hAoine, seachas má bhíonn saoire phoiblí ann.
- 6.2** **Líon na gcuairteoirí**
Bhain 5,011 taighdeoir san iomlán leas as an Seomra Léitheoireachta le linn uaireanta oscailte na Cartlainne in 2023.
- 6.3** **Ábhar Cartlainne arna scrúdú sa Seomra Léitheoireachta**
Bhreathnaigh léitheoirí ar 19,601 cháipéis ón gcartlann ar an láthair sa Seomra Léitheoireachta in 2023.
- 6.4** **Fiosrúcháin ón bPobal**
Phléigh an fhoireann sna Seirbhísí Poiblí le 11,018 fiosrúchán in 2023. Tháinig na fiosrúcháin isteach ar ár gcóras bainistíochta fiosrúchán den chuid is mó. Tá teacht ag an bpobal air sin ar ár láithreán gréasáin. Mar chuid den líon seo tá na fiosrúcháin a fuarthas sa phost.

Reapragrafaíocht

6.5 An tSeirbhís Comhairle Ginealais

Bhí an-dúil ag daoine arís sa tSeirbhís Comhairle Ginealais in 2023 agus tugadh 1,230 seisiún sainchomhairleoireachta. Bíonn an tseirbhís ar fáil i rith uaireanta poiblí an tSeomra Léitheoireachta. Gineolaithe gairmiúla a oibríonn sa tseirbhís, iad ar fad cláraithe le Gineolaithe Creidiúnaithe na hÉireann.

Tá an rannán freagrach as seirbhísí atáirgthe a sholáthar chun cóipeanna de cháipéisí a chur ar fáil don phobal, lena n-áirítear cóipeanna deimhnithe, ceadúnú, cóipcheart agus cead a bhfoilsithe. San obair seo, tugann an rannán faoi thionscadail digitithe. Tá ról lárnach ag an rannán in iarrachtaí leis na bailiúcháin dhigitithe atá ar líne a fhás i rith an ama.

6.6 Cóipeanna d'ábhar cartlainne

Rinneadh 6,593 cáipéis a chóipeáil in 2023 de bharr iarratais ó léitheoirí. Bhí léitheoirí in ann gléasanna pearsanta a úsáid le cóipeanna a dhéanamh de cháipéisí sa Seomra Léitheoireachta.

6.7 Cóipeanna deimhnithe

Cuireadh 923 ord i gcrích le linn 2023 agus tugadh freagra ar 160 píosa comhfhreagrais bunaithe ar cheisteanna a bhain le horduithe tiomnacha.

6.8 Táillí cóipeála

Tá leagtha amach sna *Rialacháin um an gCartlann Náisiúnta (Táillí), 2012* na táillí a bhaineann le gach cóip a dhéantar.

6.9 An tAonad Íomháithe Dhigitith

D'ullmhaíodh clár oibre don Aonad Íomháithe Dhigitith atá ar láthair, le haghaidh roinnt tionscadal beag. Déanann an t-aonad íomhánna ardaifeacha a chruthú freisin chun iad a fhoilsiú, a thaispeáint agus lena n-úsáid sna meáin.

6.10 Ar na taifid a chruthaigh an tAonad um Íomháú Digiteach in 2023 bhí na cinn seo:

- Íomhánna ardaifigh le haghaidh foilseachán arna n-iarraidh, lena n-áirítear iarratais ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Post agus an dá fhoilseachán *Atlas of the Civil War* agus *Atlas of Irish Sport* atá le foilsiú ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
- Íomhánna ardaifigh le haghaidh taispeántas, lena n-áirítear 'On an equal footing with all: Ireland at the League of Nations, 1923–1946'.
- Cáipéisí a roghnaíodh lena n-úsáid ar na meáin shóisialta.

Láithreáin Ghréasáin agus Ar Líne


6.11

Na meáin shóisialta

Baineadh an-úsáid as cuntais na Cartlainne Náisiúnta ar na meáin shóisialta i rith 2023, b'in ar Twitter (@NARIreland) agus ar Instagram (@NARIreland), leis an bpobal a choinneáil ar an eolas faoin leanúnachas seirbhíse agus faoinár ngníomhaíochtaí cuimhneacháin agus for-rochtana. Tháinig fás ar an dá chuntas arís in 2023. Tháinig 9.7% de mhéadú ar leantóirí ar X (Twitter roimhe seo) go 20.4K leantóir agus bhí 25.7% de mhéadú ar an líon leantóirí ar Instagram, 8,250 leantóir atá ansin.

6.12

Tugadh cuairt ar láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta – www.nationalarchives.ie – 1, 971, 048 uair. Is iad na cúig thír is coitianta ina bhfuil cuairteoirí ar an láithreán gréasáin lonnaithe ná Éire, an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Astráil agus Ceanada.



25.7%

De mhéadú ar an líon leantóirí ar Instagram

Clár Comórtha

6.13 Reáchtáladh imeachtaí i gcaitheamh na bliana, mar shampla taispeántais, léachtaí, plé painéil agus seoltaí leabhar, iad go léir le comóradh a dhéanamh ar imeachtaí suntasacha stairiúla in 2023.

6.14 **Conradh na Náisiún**

Bhí an Chartlann Náisiúnta ag obair leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus le hAcadamh Ríoga na hÉireann le comóradh a dhéanamh ar 100 bliain ó chuaigh Éire isteach i gConradh na Náisiún. Tugadh taispeántas dírithe ar cháipéisí atá sa Chartlann Náisiúnta chun na Náisiún Aontaithe sa Ghinéiv agus i Nua-Eabhrac, chuig Féile Staire Bhaile Átha Cliath agus chuig an gComórtas Náisiúnta Treabhadóireachta.

Mar chuid den chlár seo, cuireadh leabhar speisialta *Ireland at the League of Nations 1923–1948* le chéile. Sheol an Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha Micheál Martin TD an leabhar le linn Sheachtain Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac i mí Mheán Fómhair 2023. Is é an Dr Maurice Manning a sheol an leabhar i mBaile Átha Cliath in Acadamh Ríoga na hÉireann. Bhí plé painéil ann ina dhiaidh.

6.15 **Comhaontú Aoine an Chéasta**


Chun comóradh 25 bliain a dhéanamh ar Chomhaontú Aoine an Chéasta, reáchtáil an Chartlann Náisiúnta i gcomhar le hOifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann plé painéil i mBéal Feirste dar teideal ‘On The Record: Reflections on The Belfast Agreement (Good Friday Agreement)’. Léirigh na cainteoirí ann réimse tuairimí ar na taifid oifigiúla stáit a bhí an Chartlann Náisiúnta agus an Oifig Taifead Poiblí tar éis a eisiúint tamall gairid roimhe sin, taifid a bhaineann leis an gComhaontú Ilpháirtí agus le Comhaontú na Breataine-na hÉireann.

Is í Miriam O’ Callaghan (láithreoir cúrsaí reatha agus craoltóir, RTÉ) a bhí mar chathaoirleach ar an ócáid. Is é Glenn Patterson (scríbhneoir agus Stiúrthóir, Ionad Seamus Heaney, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste) a bhí mar phríomhchainteoir agus a labhair ar Thuaisceart Éireann i ndiaidh an chomhaontaithe ó thaobh an chultúir de. Ina measc siúd a bhí ar an bpainéal bhí Marie Coleman (staráí, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste), David Donoghue (iarthaidhleoir agus scríbhneoir), Amanda Dunsmore (ealaíontóir) agus Malachi O’Doherty (scríbhneoir).

ON AN EQUAL FOOTING WITH ALL

Ireland at the League of Nations

1923–1946



John Gibney, Michael Kennedy & Zoë Reid

Clár Comórtha

- 6.16** **Chartlann Náisiúnta na Ríochta Aontaithe, Kew: Acmhainní teagaisc Chomhaontú Bhéal Feirste, dá ngairtear freisin Comhaontú Aoine an Chéasta**
- Thug comhghleacaithe in Kew cuireadh don Chartlann Náisiúnta ról a ghlacadh chun acmhainní ar líne a fhorbairt le daltaí meánscoile a theagasc maidir le Comhaontú Aoine an Chéasta Bhéal Feirste le comóradh 25 bliain a dhéanamh ar an gComhaontú. Tugadh cuireadh do Frank Sheridan (iar-ambasadóir) chun bheith ar an ngrúpa oibre thar ceann na Cartlainne Náisiúnta. D'úsáid an grúpa cáipéisí ón dá Chartlann Náisiúnta le hacmhainní curaclaim a fhorbairt chomh maith le físeán chun dul leis na pacáistí teagaisc. Seoladh an pacáiste acmhainní i Márta 2023.⁸
- 6.17** **An tAcht um Scrúdóireacht Scannán, 1923**
- D'óstáil an Chartlann Náisiúnta, i gcomhar le hOifig Aicmithe Scannán na hÉireann, imeacht in Institiúid Scannán na hÉireann i mBaile Átha Cliath le comóradh céad bliain a dhéanamh ar an Acht um Scrúdóireacht Scannán. Mar chuid den phlé painéil seo, thug an t-iar-Stiúrthóir John Kelleher a smaointe pearsanta ar mhodhanna oibre na hoifige, rinne an staraí scannánaíochta, an tOllamh Ruth Barton (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) plé ar na taifid ó Oifig Scrúdóir Oifigiúil na Scannán atá á gcoimeád sa Chartlann Náisiúnta agus labhair Trish Long, iar-Leas-Uachtarán agus Bainisteoir Ginearálta Walt Disney Ireland ar na cleachtais reatha sa tionscal. Is í Kay Sheehy, léiritheoir agus láithreoir an chláir Arena ar RTÉ a bhí mar chathaoirleach ar an imeacht.
- 6.18** **Clár faisnéise ar RTÉ**
- Craoladh clár faisnéise dhá chuid, *The Records Show*, ar RTÉ i nDeireadh Fómhair 2023. Clár a bhí ann ina ndearnadh súil a chaitheamh siar ar Éirinn san 20ú haois bunaithe ar thaifid atá sa Chartlann Náisiúnta. Is é Midas Productions a léirigh an clár. Rinne an Chartlann Náisiúnta féin an clár faisnéise a choimisiúnú i gcomhar le RTÉ trí ghlaos oscailte ar léiritheoirí. Is í Katie Hannon a chuir an clár faisnéise i láthair agus le linn an chláir chualathas ó bhaill foirne ón gChartlann Náisiúnta ag labhairt ar ról na Cartlainne Náisiúnta agus ar an obair a dhéantar le taifid an Stáit a chaomhnú.

⁸ Acmhainní teagaisc Chomhaontú Bhéal Feirste, (Comhaontú Aoine an Chéasta) – An Chartlann Náisiúnta.

Clár Comórtha

6.19

Ealaíontóir Cónaithe

Chaith an tEalaíontóir John Beattie dhá bhliain mar Ealaíontóir Cónaithe sa Chartlann Náisiúnta. Bhí taispeántas aige i ndeireadh na tréimhse sin i dTeach an Chóiste i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ina ndeachaigh sé sa tóir ar dhearcadh úr ar ábhar cartlainne a bhain leis an tréimhse 1921–1923 mar chuid de shaothar ealaíne úrnua a chruthú.

6.20

ANU Productions

Chuaigh an Chartlann Náisiúnta i mbun comhpháirtíochta le ANU Productions in 2023 nuair a cuireadh tús le taispeántas leis an ealaíontóir Owen Boss i mí na Bealtaine 2023 i Sráid an Easpaig. Sa taispeántas 'The Secret Space: Palimpsest', saothar a ndearna beirt de shliocht pearsana ó bhlianta réabhlóideacha na hÉireann forbairt air agus iad ag obair le taifid ón gCartlann Náisiúnta, rinneadh cíoradh ar an tslí ar léirigh útóipe na hailtireachta a tógadh sa Saorstát nuabhunaithe creideamh útóipeach iad siúd a throid leis an neamhspleáchas sin a bhaint amach.



Mionghné den suiteán *The Secret Space: Palimpsest* le Owen Boss, ANU Productions

Oideachas agus For-Rochtain

- 6.21** Bhíothas ag plé le réimse leathan grúpaí in 2023 faoinár gClár Oideachais agus For-rochtana. Bhaintí feidhm as modhanna hibrídeacha le go mbeadh cuairteoirí ar an láthair agus lucht féachana cianda in ann páirt a ghlacadh inár n-imeachtaí. Rinne an Chartlann Náisiúnta ocht léacht a chó-eagrú, ar líne agus ar an láthair, agus 866 duine i láthair.
- 6.22** Chuir an Chartlann Náisiúnta fáilte roimh chuirteoirí le linn na bliana agus tugadh cainteanna rialta ar líne agus ar an láthair. Tugadh cainteanna do mhic léinn tríú leibhéal agus iarchéime ar obair agus seirbhísí na heagraíochta, agus ar fhoinsí taighde, agus 122 duine i láthair orthu.



An tEalaíontóir Cónaitheach John Beattie, 2021-2023

7 Áiseanna Aimsithe agus Digitíú



Cáipéisí cartlainne á ndigitíú

[Tuarascáil ón Stiúrthóir 2023](#) ↑

Áiseanna Aimsithe agus Digitíú

- 7.1 Ceann de na feidhmeanna is tábhachtaí atá ag na cartlannaithe san Aonad Bainistithe Cartlainne ná áiseanna aimsithe a chruthú chun eolas tuairisciúil ar thaifid chartlainne a sholáthar ionas go mbeidh úsáideoirí agus baill foirne in ann míreanna a chuardach agus a aimsiú. Tá na háiseanna aimsithe seo ar fáil mar chruachóip inár Seomra Léitheoireachta agus ar ár láithreán gréasáin.
- 7.2 Úsáidtear bogearraí tiomnaithe catalógaithe (Axiell Adlib for Archives) sa Chartlann Náisiúnta le hobair na n-áiseanna aimsithe a bhainistiú. Cuimsíonn sé sin iad a sheachadadh go díreach ón gcóras catalógaithe go láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta.
- 7.3 Tá meascán gníomhaíochtaí i gceist le hullmhúchán áiseanna aimsithe sa Chartlann Náisiúnta. Mar shampla, cuirtear leis an gcur síos ar thaifid, cuirtear comhthéacs le taifid arna n-aistriú ó Ranna agus ó na cúirteanna, cuirtear bailiúcháin d'ábhar cartlainne nach ndearnadh catalógú orthu cheana le liostaí agus déantar áiseanna aimsithe cruachóipe caite a aistriú go formáid dhigiteach. Déantar an obair seo i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta tuairisciúil na Comhairle Idirnáisiúnta Cartlannaíochta, ISAD(G), le Treoirlínte na hÉireann maidir le tuairisc a dhéanamh ar Chartlann, agus le treoir stíle eagarthóireachta na Cartlainne Náisiúnta.
- 7.4 Rinneadh 103 aistriú agus taisce taifead a fhoilsiú ar chatalóg ar líne na Cartlainne Náisiúnta in 2023. Bhí 20,522 tuairisc taifid faoi leith ann. Tá áiseanna aimsithe cruachóipe ann do na taifid seo sa Seomra Léitheoireachta. Tá liosta iomlán in Aguisín A.
- 7.5 **Páipéir Chláraithe Oifig an Phríomh-Rúnaí**
Tháinig deireadh i mí an Mhárta 2020 leis an tionscadal le catalógú a dhéanamh ar an tsraith de Pháipéir Chláraithe ó chartlanna Oifig Phríomh-Rúnaí na hÉireann. Ba é maoiniú a fuarthas faoi thiomnacht ó Francis J Crowley ba chúis leis an tionscadal ar dtús. Mar sin féin, ós rud é go raibh maoiniú leanúnach ann ón tiomnacht, rinneadh cartlannaí ar conradh a fhostú idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag in 2022 le Tuarascálacha Uafáis an Phríomh-Rúnaí don bhliain 1834 a phróiseáil agus a chatalógú. Lean cartlannaí nua ar conradh ar aghaidh leis an obair seo ó Mheán Fómhair 2023 ar aghaidh.⁹

⁹ Rinneadh 179 tuairisc aonair a ullmhú chun gabháil le 2,800 cáipéis i dtrí mhí (CSO/RP/OR/1834/261-440).

Áiseanna Aimsithe agus Digitíú


- 7.6 Rinne beirt chartlannaithe ón Aonad Bainistíochta Cartlainne (ó Mheán Fómhair 2023, Aonad na gCúirteanna) taifid ó Pháipéir Chláraithe Oifig an Phríomh-Rúnaí a phróiseáil agus a chatalógú lá amháin sa tseachtain. Leanadh ar aghaidh le tionscadal liostaithe na bPáipéar Cláraithe, 1917–1924, dírithe ar na taifid ó 1918.¹⁰ Leanadh ar aghaidh leis an obair ar na Tuairiscí Uafáis do 1833.¹¹



Dromchla Dhaonáireamh
1926 á ghlanadh

¹⁰ Rinneadh 1425 cur síos ar leith a ullmhú do 1918 (CSO/RP/1918/5093–6517).

¹¹ Rinneadh 1969 cáipéis, a bhfuil cur síos orthu i 143 tuairisc aonair, a ullmhú do na Tuarascálacha Uafáis do 1833 (CSO/RP/OR/1833/57–200).



Comhar, Comhoibriú agus Oiliúint



An bhail ar lámhscríbhinn á seiceáil

Comhar, Comhoibriú agus Oiliúint

- 8.1 Comhairle na bhForas Náisiúnta Cultúir**
Chuir an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán Comhairle na bhForas Náisiúnta Cultúir ar bun i mí Dheireadh Fómhair 1998. Ceann de na téarmaí tagartha atá ann ná go gcuirfí fóram ar bun inar féidir plé a dhéanamh ar smaointe, taithí agus réimsí ina bhféadfaí comhoibriú a dhéanamh idir na forais. Is iad Stiúrthóirí nó Príomhfheidhmeannaigh na bhforas seo a leanas atá mar chomhaltaí di: Amharclann na Mainistreach, an Chomhairle Ealaíon, Leabharlann Chester Beatty, Dánlann Crawford, an Chomhairle Oidhreachta, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, an Chartlann Náisiúnta, an Ceoláras Náisiúnta, an Leabharlann Náisiúnta agus Ard-Mhúsaem na hÉireann.
- 8.2** Tá an Stiúrthóir ar an gComhairle um Fhorais Chultúir Náisiúnta thar ceann na Cartlainne Náisiúnta.
- 8.3** Tá grúpaí oibre éagsúla curtha ar bun ag an gComhairle agus baill foirne ó na forais éagsúla ag obair ar na grúpaí sin. Bhí ionadaithe thar ceann na Cartlainne Náisiúnta ar na grúpaí oibre seo a leanas:
- Caomhnú
 - Foghlaim agus Oideachas
 - Digitiú agus Catalógú
 - An Ghaeilge
- 8.4 Alt 1003 an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997**
Faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, tá faoiseamh cánach ar fáil nuair a dhéantar nithe a bhfuil tábhacht oidhreachta náisiúnta leo a bhronnadh ar na bailiúcháin náisiúnta. Is é atá san fhaoiseamh creidmheas cánach cothrom le luach na míre nó na míreanna oidhreachta ar féidir é sin a chur mar chreidmheas in aghaidh dhlíteanas áirithe cánach arna dtabhú ag an deontóir. “Comhlachtaí Ceadaithe” a thugtar ar na bailiúcháin náisiúnta faoin reachtaíocht.

Comhar, Comhoibriú agus Oiliúint

Is iad sin:

- An Chartlann Náisiúnta
- Dánlann Náisiúnta na hÉireann
- Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
- Ard-Mhúsaem na hÉireann
- Áras Nua-Ealaíne na hÉireann
- Gailearáí Ealaíne Crawford, Corcaigh

D'fhreastail an Stiúrthóir go leanúnach ar chruinnithe Choiste Alt 1003 thar ceann na Cartlainne Náisiúnta.

8.5 Bhí an Chartlann Náisiúnta ag obair fós i gcomhar le cartlanna eile san Aontas Eorpach in 2023, páirteach sna comhlachtaí thíos go sonrath.

8.6 **Bord Eorpach na gCartlannaithe Náisiúnta**

Is comhlacht deonach é Bord Eorpach na gCartlannaithe Náisiúnta (EBNA). Ar an mBord tá Cartlannaithe Náisiúnta ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Bíonn cruinniú acu dhá uair sa bhliain sa Stát a bhfuil Uachtaránacht an Aontais Eorpaigh ann an tráth sin. D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú amháin in 2023.

8.7 **An Grúpa Eorpach um Chartlanna**

Cuireadh an Grúpa Eorpach um Chartlanna (EAG) ar bun de bhun Moladh ón gComhairle Eorpach an 14 Samhain 2005 cur leis an gcomhoibriú i réimse na cartlannaíochta. Tá ionadaí ar an nGrúpa ó gach Ballstát agus ó na cúig cinn d'Institiúidí an Aontais Eorpaigh. Déanann an Coimisiún cathaoirleacht ar an nGrúpa agus cuireann Ardrúnaíocht an Choimisiúin seirbhísí rúnaíochta ar fáil. D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú amháin de chuid an Grúpa Eorpaigh um Chartlanna in 2023.

Comhar, Comhoibriú agus Oiliúint

8.8 Fondúireacht Fóram DLM

An Fóram DLM an t-ainm a bhí air nuair a bunaíodh é sa bhliain 1997. Is é an ról atá leis scrúdú a dhéanamh ar bhealaí inar féidir comhar a chothú idir an riarachán poiblí agus tionscal an TFC ar mhaithe le buanchoimeád taifead digiteach. Tacaíonn Coimisiún na hEorpa agus cartlanna poiblí i mBallstáit de chuid an Aontais Eorpaigh leis an obair a dhéanann Fondúireacht Fóram DLM. Ó 2002 i leith, is comhlacht neamhspleách atá ann agus comhaltaí ann ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach san Eoraip. Leagtar amach ann caighdeáin agus treoirlínte i dtaca le réimsí oibre a bhaineann le hábhar cartlainne, le taifid agus leis an mbainistíocht ar shaolré cáipéisí. D'fhreastail an Coimeádaí agus an Cartlannaí Sinsearach, Bainistíocht Dhigiteach, ar mheascán d'imeachtaí de chuid Fóram DLM ar líne arís in 2023. Chomh maith leis sin, d'fhreastail an Coimeádaí ar Chomhdháil Thríbhliantúil Fóram DLM, arna hóstáil ag Uachtaránacht na Spáinne ar an Aontas Eorpach in Salamanca ón 23–25 Deireadh Fómhair 2023.

8.9 Doiciméid maidir le Beartas Eachtrach na hÉireann

Tionscadal Comhpháirtíochta é seo idir an Chartlann Náisiúnta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Acadamh Ríoga na hÉireann faoin tionscadal seo, déantar sraith cáipéisí a bhaineann le beartas eachtrach na hÉireann a fhoilsiú gach re bliain. Tá an tionscadal lonnaithe sa Chartlann Náisiúnta agus tá ionadaíocht ón gChartlann ar a Bhord Comhairleach Eagarthóireachta. Seoladh Imleabhar XIII in 2023.

8.10 Conflict Archive on the Internet (CAIN)

Tá tionscadal CAIN Ollscoil Uladh agus an Chartlann Náisiúnta, Éire, ag obair le chéile ó bhí 2011 ann. Tá thart ar 4,600 leagan digiteach de thaifid de chuid rialtas na hÉireann a bhaineann leis na 'Trioblóidí' i dTuaisceart Éireann ar fáil faoin rannóg dar teideal 'NAI Records on CAIN' (<https://cain.ulster.ac.uk/nai/index.html>). Clúdaíonn na taifid seo na blianta 1965–1988 agus 1995–1998.

In 2023, rinneadh 800 cáipéis (5,284 leathanach de théacs) a dhigitiú don tionscadal. Roghnaíodh na taifid ó Roinn an Taoisigh agus ón Roinn Gnóthaí Eachtracha (1992–1994). Baineann an tréimhse seo leis na blianta go dtí Dearbhú Shráid Downing sa bhliain 1993 agus fógairt na sosanna cogaidh i 1994. Beidh na cáipéisí seo ar fáil ar láithreán gréasáin CAIN i Lúnasa 2024.

Comhar, Comhoibriú agus Oiliúint

I mí Lúnasa 2023, thug an Cartlannaí Sinsearach san Aonad Bainistíochta Cartlainne páipéar os comhair Chomhdháil Chumann na gCartlann agus na dTaifead i gcomhar leis an Dr Brendan Lynn, Ollscoil Uladh agus David Huddleston, Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann. An teideal a bhí ar an bpáipéar ná ‘The Northern Ireland Conflict and Peace Process: Public Records and the Conflict Archive on the Internet (CAIN)’.

8.11

Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann



Bhí an Chartlann Náisiúnta páirteach mar chomhpháirtí lárnach arís in 2023 sa tionscadal Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann. Ó seoladh an tionscadal anuraidh, tá an pobal in ann dul isteach in athchruthú fíorúil d’Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn agus bailiúcháin na hOifige sin mar chuid d’acmhainn bhuan ar líne atá saor in aisce agus de shíor ag fás. Thug an Caomhnóir Sinsearach Jessica Baldwin dhá léacht i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, dar teideal ‘1922 Salved Records: conserving Ireland’s ‘lost’ archive’ le linn Virtual Treasury 101 (1 Iúil) agus mar chuid den Seimineár ar Stair Nua-Aimseartha agus Chomhaimseartha na hÉireann (27 Meán Fómhair). Thug mac léinn caomhnaithe faoi shocrúchán samhraidh sé seachtaine (24 Iúil–1 Meán Fómhair 2023) dírithe ar na taifid a sábháladh ó 1922, an socrúchán arna mhaoiniú ag an Maoinchiste. I mí na Bealtaine, rinneadh blúire a ndearnadh an-damáiste dó ó rolla pléadála (NAI KB 1/4) dar dáta 1406 a aistriú go Queen Mary University London (QMUL) le go ndéanfadh an Dr David Mills micreathomagrafaíocht X-gha air.

8.12

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Tá an Stiúrthóir ina chomhalta de bhrí oifige ar Bhord Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Cúis áthais don Chartlann Náisiúnta, in *Analecta Hibernica* Uimh. 53: Eagrán Speisialta – ‘The Fire of 1922’, go raibh saothar ball foirne ann mar chomhúdair ar dhá pháipéar shuntasacha.

Suiteán de na plananna ailtreachta (OPW 5HC/3/11) a tugadh ar iasacht don taispeántas Féinchinntiúchán: An Comhthéacs Domhanda in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (28 Deireadh Fómhair 2023–21 Aibreán 2024)



Iasachtaí le haghaidh Taispeántas

- 8.13 Músaem Phríosún Chill Mhaighneann**
Tá clár amháin de chimí ó Phríosún Chill Mhaighneann (PRISONS 1/10/6) ar iasacht ón gCartlann Náisiúnta le Músaem Phríosún Chill Mhaighneann ó 1996 lena léiriú mar chuid de thaispeántas. Coinníonn an Chartlann Náisiúnta súil ar an imleabhar agus é amuigh ar iasacht. Rinne ball foirne ón gCartlann cigireacht ar an gclár ar an láthair in 2023.
- 8.14 Ard-Mhúsaem na hÉireann**
Is iad Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus Ard-Mhúsaem na hÉireann i gcomhpháirt atá i mbun coimeádaíochta ar an taispeántas ‘Down to Earth – Exploring Ireland’s Geology’. Fuarthas tacaíocht leanúnach i gcás iasacht uiscedhathanna leochaileachta Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann ón gCaomhnóir Sinsearach, a stiúir feistiú agus rothlú na líníochtaí solasmhothálacha ar taispeáint i mí na Bealtaine 2023 agus a stiúir an díshuiteáil deiridh i mí na Samhna sa bhliain chéanna.
- 8.15 Músaem Theach Mhichíl Uí Choileáin**
Tá dialanna 1918–1922 Mhichíl Uí Choileáin ar iasacht leis an gCartlann Náisiúnta ó mhí na Samhna 2021 ó chlann a nia Liam, nach maireann, agus Betty Collins, Cloich na Coillte, Corcaigh. Is féidir breathnú ar gach ceann de na cúig dhialann ar scáileán tadhaill san fhorhalla sa Chartlann Náisiúnta. Tugadh dialanna 1918 agus 1919 (2021/110/12) ar iasacht do Mhúsaem Theach Mhichíl Uí Choileáin i gCloich na Coillte ar feadh mhí Lúnasa.
- 8.16 ‘Shadowing the Archives’ le John Beattie**
Tugadh beart de chuid Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann ar iasacht don taispeántas ‘Shadowing the Archives’ le John Beattie i dTeach an Chóiste, Caisleán Bhaile Átha Cliath (15 Meán Fómhair – 8 Deireadh Fómhair).
- 8.17 Áras Nua-Ealaíne na hÉireann**
Rinneadh ceithre phlean ailtireachta mhóra (OPW 5/HC/3/11) a chaomhnú agus a chur i bhfráma sular tugadh ar iasacht iad don taispeántas ‘Self-Determination: A Global Perspective’ in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (28 Deireadh Fómhair 2023–21 Aibreán 2024).

Cuireadh Comhaontú Bhéal Feirste Aoine an Chéasta
(2009/132/75) ar fáil don 40ú cruinniú mullaigh de chuid Chomhairle na Breataine-na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath (23 Samhain).

Mionghné den scannán *Shadowing the Archives* leis an Ealaíontóir Cónaithe John Beattie, 2021–2023



Aguisíní



Mionghné den scannán *Shadowing the Archives* leis an Ealaíontóir Cónaithe John Beattie, 2021–2023

Aguisín A

Forshealbhúcháin 2023

Aistriú taifead ón tréimhse roimh 1994 ó Ranna Rialtais agus Oifigí Stáit lena n-eisiúint i gcomhair a n-íniúchta ag an bpobal faoin riail 30 bliain agus taifid Angla-Éireannacha arna n-eisiúint faoin riail 20 bliain: ráiteas ar an staid an 31 Nollaig 2023

Tábla 1

Taifid atá níos sine ná 30 bliain d'aois ar aistríodh ó Ranna Rialtais chun na Cartlainne Náisiúnta lena gcur ar fáil lena scrúdú ag an bpobal: an cás mar a bhí an 31 Nollaig 2023

Roinn	Taifid Atá Sa Chartlann Náisiúnta	Taifid Atá Le Haistriú	An Bhliain Dheireanach Inar Aistríodh Taifid
Roinn an Taoisigh	1919 go 1993 ¹	Tá an t-iomlán aistrithe.	2023
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	1899 go dtí na 1960idí	Níl an t-iomlán aistrithe. Taifid ó na 1960idí go 1993 le haistriú go fóill. ²	2021 (aistriú i bpáirt)
An Roinn Cosanta	1922 go 1991 ³	Aistrithe arna bhfáil ag an gCartlann Mhíleata. (Taisclann faoi Alt 14 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986).	Ní bhaineann le hábhar
An Roinn Oideachais	1831 go dtí na 1980idí	Níl an t-iomlán aistrithe. Taifid ó na 1900idí go 1993 le haistriú go fóill.	2020 ⁴ (aistriú i bpáirt)
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	1922 go 1976	Níl an t-iomlán aistrithe. Taifid ó na 1960idí go 1993 le haistriú go fóill.	2009 (aistriú i bpáirt)
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	1845 go dtí na 1970idí	Níl an t-iomlán aistrithe. Taifid ó na 1950idí go 1993 le haistriú go fóill.	2011 (aistriú i bpáirt)

1. Rinne Roinn an Taoisigh comhaid a bhaineann le cúrsaí Angla-Éireannacha suas go 2001 a aistriú lena n-eisiúint in Eanáir 2024 faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018.
2. Mar chuid de seo tá taifid ón gcomhlacht sceidealta Coimisiún Talún na hÉireann, mar a bhí ag an am – Brainse Thaifid Choimisiún na Talún na Roinne atá anois ann – agus taifid ó Bhord na gCeantar Cúng ó dheireadh an 19ú haois. Táthar tar éis c350,850 comhad de chuid Choimisiún na Talún a bhaineann le socrú cíosanna cothroma i 19 gcontae a aistriú chun na Cartlainne Náisiúnta go dtí seo. Meastar go ndéanfar contaetha eile a aistriú in 2024. Faoi láthair, de bharr srianta ó thaobh stórála de, ní féidir na comhaid a chur ar fáil don phobal.
3. Déanann an Roinn Cosanta socrúithe faoi leith maidir le taifid a aistriú chun na Cartlainne Míleata lena gcoimeád, sin taisclann le haghaidh taifid de chuid na Roinne Cosanta agus de chuid Óglaigh na hÉireann faoi Alt 14 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.
4. Aistríodh pleannanna ailtireachta scoileanna náisiúnta de chuid na Roinne Oideachais chun na Cartlainne Náisiúnta in 2020 agus 2023. Meastar go ndéanfar tuilleadh acu a aistriú in 2024. Faoi láthair, de bharr srianta ó thaobh stórála de, ní féidir na pleannanna a chur ar fáil don phobal.

Tábla 1

Taifid atá níos sine ná 30 bliain d'aois ar aistríodh ó Ranna Rialtais chun na Cartlainne Náisiúnta lena gcur ar fáil lena scrúdú ag an bpobal: an cás mar a bhí an 31 Nollaig 2023

Roinn	Taifid atá sa Chartlann Náisiúnta	Taifid atá le haistriú	An bhliain dheireanach inar aistríodh taifid
An Roinn Airgeadais	1922 go 1989 ⁵	Níl an t-iomlán aistrithe. Tá taifid ó 1990–1992 le haistriú go fóill, chomh maith le sciar de na taifid ó na 1920idí go 1989.	2023 (páirtaistriú)
An Roinn Gnóthaí Eachtracha	1919 go dtí 1993 ⁶	Tá an t-iomlán aistrithe. ⁷	2023
An Roinn Sláinte	1920idí go 1993 ⁸	Níl an t-iomlán aistrithe. Taifid ó na 1950idí go 1993 le haistriú go fóill.	2023 (páirtaistriú)
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	1838 go dtí na 1970idí ⁹	Níl an t-iomlán aistrithe. Taifid ó na 1960idí go 1993 le haistriú go fóill.	2016 (aistriú i bpáirt)
An Roinn Dlí agus Cirt	1918 go 1993 ¹⁰	Níl an t-iomlán aistrithe. Taifid ó na 1920idí go 1944 agus ó 1969 go 1989 aistrithe.	2023 (páirtaistriú)
An Roinn Coimirce Sóisialaí	1919 go 1992	Níl an t-iomlán aistrithe. Taifid ó na 1970idí go dtí 1993 le haistriú go fóill.	2023 ¹¹ (aistriú i bpáirt)
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	1922 go 1962; 1972 go 1992	Níl an t-iomlán aistrithe. Taifid ó na 1950idí go dtí na 1980idí le haistriú go fóill.	2023 ¹² (aistriú i bpáirt)
An Roinn Iompair	1922 go 1990	Níl an t-iomlán aistrithe. Taifid ó na 1960idí go 1993 le haistriú go fóill.	2023 ¹³ (aistriú i bpáirt)

5. Ó 2015 i leith, tá baill foirne faoi leith curtha ar fáil ag an Roinn chun dul i ngleic leis an riaráiste taifead sa Roinn. Déantar ábhar a aistriú go rialta chun na Cartlainne Náisiúnta dá bharr. Chomh maith leis sin, táthar tar éis taifid a aimsiú agus a aistriú chuig Oifig an Phríomh-Rúnaí in 2022, chomh maith le taifid de chuid an Choiste Cúitímh (Díobhála Pearsanta) ina bhfuil iarratais agus deonú cúitímh mar gheall ar bhás nó gortuithe le linn Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad. D'aistrigh an Roinn Airgeadais c6741 comhad de chuid an Rannáin Airgeadais, an Rannáin Soláthair agus an Rannáin Forbartha in 2023 a bhaineann leis an tréimhse idir na 1920idí go dtí na 1980idí, chomh maith le taifid bhunaíochta na Roinne Pleanála agus Forbartha Eacnamaíochta, 1970idí-1980idí.

6. Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha i ndiaidh comhaid a bhaineann le cúrsaí Angla-Éireannacha suas go 2002 a aistriú lena n-eisiúint in Eanáir 2024 faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018.

7. Déantar taifid ó mhisin taidhleoireachta áirithe a aistriú go timhriallach toisc gur sin mar is éifeachtúla ó thaobh costais de. Mar sin, níl na taifid ar fad maidir leis na misin taidhleoireachta go léir go dtí an 31 Nollaig 1993 aistrithe.

8. Mar gheall ar shrianta spáis sa Chartlann Náisiúnta, tá cuid shuntasach de thaifid bheartais na Roinne Sláinte ann nach ndearnadh iad a fhorshealbhú fós. Tá siad sin ar coimeád in ionad tráchtála stórála á mhaoiniú ag an Roinn.

9. Aistríodh lear mór taifead ón tréimhse idir na 1920idí agus na 1960idí chun na Cartlainne Náisiúnta gan aon áiseanna aimsithe cuí ann dóibh. Tá an Chartlann Náisiúnta ag tabhairt faoin obair chatalógaithe ar thimpeall 5000 bosca d'ábhar cartlainne de réir mar is féidir de réir acmhainní.

10. Rinne an Roinn Dlí agus Cirt comhaid a bhaineann le cúrsaí Angla-Éireannacha suas go 2003 a aistriú lena n-eisiúint in Eanáir 2024 faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018. Cás Norris i gcoinne na hÉireann, 1976–1993 arna n-aistriú leis.

11. D'aistrigh an Rúnaíocht Pleanála 114 comhad in 2023 a bhain leis na blianta 1991–1992.

12. Aon aistriú amháin ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta: Taifid ón Rannán Ealaíon, Scannán agus Infheistíochta maidir le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, an Chartlann Náisiúnta agus an Chomhairle Ealaíon (15 comhad).

13. Rinne an Rannán um Sheirbhísí Aerloingseoireachta 17 gcomhad a aistriú in 2023.

Tábla 2

Taifid atá níos sine ná 30 bliain d'aois ar aistríodh ó na Cúirteanna chun na Cartlainne Náisiúnta lena gcur ar fáil lena scrúdú ag an bpobal: an cás mar a bhí an 31 Nollaig 2023

Cúirt	Bliain na dtaifead is deireanaí sa Chartlann Náisiúnta	Taifid atá le haistriú	An bhliain dheireanach inar aistríodh taifid
An Chúirt Uachtarach	1991 ¹⁴	1993	2022
An Chúirt Achomhairc Choiriúil	1972	1973–1993	1990
An Phríomh-Chúirt Choiriúil	1968	1969–1993	1987
An Ard-Chúirt	1970	1971–1993	2000
Oifig Probháide	1992	1993	2023 ¹⁵
Na Cúirteanna Cuarda	1990	Tá an t-iomlán aistrithe: An Cabhán, Corcaigh, Dún na nGall, Gaillimh, Cill Chainnigh, An Longfort, Lú, Maigh Eo, Muineacháin, Sligeach, Tiobraid Árann, an Iarmhí agus Loch Garman. Tá an t-iomlán aistrithe: Ceatharlach, an Clár, Baile Átha Cliath, Ciarraí, Cill Dara, Laois, Liatroim, Luimneach, an Mhí, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Port Láirge agus Cill Mhantáin. ¹⁶	2014
Cúirteanna Dúiche ¹⁷	1996	Tá an t-iomlán aistrithe: An Cabhán, Corcaigh, Gaillimh, Cill Dara, Cill Chainnigh, Lú, Muineacháin, Sligeach, Tiobraid Árann. Tá an t-iomlán aistrithe: Ceatharlach, an Clár, Baile Átha Cliath, Liatroim, Maigh Eo agus Port Láirge. Níor aistríodh aon ní fós: Dún na nGall, Ciarraí, Laois, Luimneach, An Longfort, an Mhí, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, an Iarmhí, Loch Garman agus Cill Mhantáin.	2013

14. Aistríodh taifid ón gCúirt Uachtarach (3566 comhad) in 2022 chun na Cartlainne Náisiúnta.

15. Rinne Oifig Phrobháide Cheantar Dhún Dealgan taifid thiomnacha a aistriú in 2023.

16. Riaráistí maidir le taifid 1943 go 1993 a aistriú i gcás Chontae Laoise; 1960 go 1993 i gcás Chontae Liatroma agus 1945 go 1993 i gcás Chontae Phort Láirge.

17. Cuireadh na Cúirteanna Dúiche ar bun faoin Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924. Aistríodh taifid ó na Cúirteanna Gearra mar a bhí roimhe sin, 1851 go 1922, go hOifig na nAnnálacha Poiblí mar a bhí ag an am, ainm na hOifige sular tugadh an Chartlann Náisiúnta uirthi.

Tábla 3

Comhlachtaí a luaitear sa sceideal a ghabhann leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, a bhfuil taifid ar coimeád acu a bheadh le haistriú ach a thagann faoi réir Threoir 1992 an Aire lena gcuirtear ar fionraí an dliteanas taifid a aistriú faoin riaiil 30 bliain mar gheall ar shrianta spáis sa Chartlann Náisiúnta

Ainm an Chomhlachta	Tuairimí
Oifig Ard-Rúnaí an Uachtaráin	Taifid aistrithe go 1993, d'ainneoin Threoir an Aire 1992.
Oifig an Ard-Aighne (lena n-áirítear Oifig an Dréachtóra Parlaiminte, Oifig Athchóirithe agus Chomhdhlúite an Dlí Reachtúil agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit)	Taifid don tréimhse 1922–1993 aistrithe, d'ainneoin Threoir 1992 an Aire. ¹⁸
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	Taifid don tréimhse 1920idí–1962 aistrithe, d'ainneoin Threoir 1992 an Aire.
An Phríomh-Oifig Staidrimh	Daonáirimh na mblianta 1926, 1936, 1946 agus cuid de thaifid daonáirimh na bliana 1951 aistrithe ach cosc 100 bliain ar a scrúdú ag an bpobal faoin Acht Staidrimh, 1997. Aistríodh taifid riaracháin ó 1901–1947 in 2019.
An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta	Tá taifid maidir leis na blianta 1987–1993 atá incháilithe lena n-aistriú.
An Chartlann Náisiúnta	Níor aistríodh taifid. Taifid ó Oifig na nAnnálacha Poiblí in Éirinn agus Oifig na Stát-Pháipéar in Éirinn, 1867–1988, agus an Chartlann Náisiúnta, 1988–1993 incháilithe.
Ard-Mhúsaem na hÉireann (lena n-áirítear Músaem Stair an Dúlra)	Níor aistríodh taifid. Ionad taisce faoi Alt 14 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.
Oifig an Phámháistir Ghinearálta	Níor aistríodh taifid.
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	Tá glactha ag an gCartlann Náisiúnta le taifid maidir leis na blianta 1973 – 1984 lena gcoimeád slán. Níl athbhreithniú déanta orthu i dtaca lena scrúdú ag an bpobal. Fuarthas aistriú i bpáirt de thaifid riaracháin in 2018, a bhain go príomha le buiséid agus cúrsaí airgeadais, dar dáta 1927–1985.
An Coiste Coigiltis Náisiúnta	Níor aistríodh taifid.
Na Coimisinéirí Ioncaim	Taifid a bhaineann leis an tréimhse ón 19ú céad go dtí an bhliain 1993 incháilithe. Aistríodh taifid ón mBrainse Reachtaíochta agus Staitisticí, ón mBrainse Stampála, ón tSraith RP (Rúnaí Príobháideach) agus ó Chustaim agus Mál in 2020.

18. Rinneadh aistriú i bpáirt, is é sin 34 comhad ar ábhar gaolmhar, in 2022 lena n-eisiúint in Eanáir 2023, ó Oifig an Ard-Aighne mar gheall ar na srianta a bhí i bhfeidhm ó thaobh dul chun na hoifige de in aimsir Covid-19. Eisíodh cúig chomhad Angla-Éireannacha faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018, leis.

Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc (Cáin Ioncaim)	Níor aistríodh taifid.
Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí	Taifid ó go mall san 18ú céad go dtí na 1970idí arna n-aistriú. Tá méid áirithe de thaifid incháilithe lena n-aistriú fós in Oifig na nOibreacha Poiblí.
An tSaotharlann Stáit	Níor aistríodh taifid.
An tSuirbhéireacht Ordanáis (ó 2023 aistríodh na feidhmeanna seo go Tailte Éireann)	Aistriú na gcáipéisí mapála go dtí na 1870idí agus aistriú na dtaifead riaracháin go dtí na 1920idí curtha i gcrích. Tá na taifid riaracháin ó na 1920idí ar fad fós i seilbh na Suirbhéireachta Ordanáis mar atá foirgneamh iomlán lán de thaifid léarscáilithe ó go déanach sa 19ú céad go lár an 20ú céad.
An Coimisinéir Luachála agus an Príomh-Shuirbhéir Teorann (ó fheidhmeanna 2023 arna n-aistriú go Tailte Éireann)	Iomlán na dtaifead luachála go dtí an bhliain 1865 agus taifid riaracháin ilghnéitheacha (1830-luath san 20ú céad) curtha i gcrích. Tá cuid mhór cáipéisí ó lár na 1800idí go dtí an lá atá inniu ann ar coimeád ag an Oifig Luachála go fóill. Mar aon le tráinsí breise de Chéad-Achomhairc chun an Choimisinéara Luachála, 1912–1996, rinneadh Achomhairc chun an Bhinse Luachála, 1987–1992, Achomhairc Chionroinnte chun na Cúirte Cuarda, 1978–1992 agus Achomhairc chun na Cúirte Cuarda, 1932–1997, a aistriú chomh maith in 2023. ¹⁹
Oifig an tSoláthair	Níor aistríodh taifid.
